- Crown Office and Procurator Fiscal Office, Scotland,

Part Eight International Developments

- National Bureau of Investigation, Sweden,
- Federal Criminal Police Office, Germany

The major objectives of the project are:

1. The establishment the ALEFA Network. At present there are no structures or mechanisms through which forensic accountants in law enforcement can securely communicate methodologies and techniques.
2. The establishment of common methodologies and techniques in the field of forensic accounting in law enforcement.
3. To host the inaugural Conference. The Conference will take recommendations from conference workshops and seminars to the European Commission and the European Council in the form of the post conference Report in order to influence future measures or policies
4. To develop common areas for training. The project seeks to improve financial analysis leading to an improvement in the prevention and fight against modern criminal threats in the EU concerning public and private stakeholders
5. To set up and develop the ALEFA website. Forensic accountants within law enforcement work in a diverse range of organisations throughout the EU and within their own jurisdictions. The

common access to a secure website will provide a platform through which effective communication of methodologies and techniques can be delivered.

6. To develop a European wide ALEFA with chapters in each country and individual membership for forensic accountants employed in a law enforcement capacity

ARIN-AP

The Bureau continued its international co-operation in 2014. In 2013, the Bureau accepted an invitation by the South Korean authorities to attend at the second preparatory meeting for the establishment of the Asset Recovery Inter-agency Network – Asia Pacific (ARIN-AP). Mr. Declan O'Reilly, Bureau Legal Officer represented the Bureau at the event. The meeting resulted in the launch of the network in November 2013. The ARIN-AP was founded upon the recognition of the model established by CARIN. The purpose of ARIN-AP is to increase the effectiveness of its members' efforts, on a multi-agency basis, in depriving criminals of their illicit profits.

[Logo of ARIN-AP](#)



This multi-agency approach has been utilised successfully by the Bureau since its establishment which was of particular interest to the ARIN-AP. The first AGM of the ARIN-AP was held in Indonesia in August 2014. The challenges and successes in maintaining such a network from the Irish perspective was the subject of interest at the event, in particular, was the focus of one of the three workshops run by the AGM. International co-operation of this nature has been a feature of the Bureau's work in recent years and assists in achieving its functions and objectives in tackling transnational crime.

Relationship with the United Kingdom

The Bureau has a unique relationship with the authorities in the UK, given the fact that it is the only country with which we have a land frontier and the relationship has developed between the two jurisdictions over the years.

Cross Border Organised Crime Conference

The Cross Border Organised Crime Conference provides an opportunity for all law enforcement agencies from both sides of the border to get together and review activities that have taken place in the previous year as well as plan for the forthcoming year. It also provides the opportunity to exchange knowledge and experience and identify best practice in any particular area of collaboration.

Cross Border Fuel Group and Cross Border Excise Group

The Bureau continues to participate in the Cross Border Fuel Group and the

Cross Border Excise Group.

Visits to the Bureau

The success of the Bureau continues to attract international attention. During 2014, the Bureau facilitated visits by foreign delegations covering a range of disciplines, both national and international.

The Bureau's continued involvement in investigations having an international dimension presents an opportunity to both contribute to and inform the international law enforcement response to the ongoing threat from trans-national organised criminal activity. In addition, this engagement provides an opportunity for the Bureau to share its experience with its international partner agencies.

Part Eight
International Developments

1st Annual General Meeting of ARIN-AP in Indonesia



ALEFA meeting at Europol in The Hague



Part Nine

Conclusions

Throughout 2014, the Criminal Assets Bureau has exercised its independent statutory remit in order to pursue the proceeds of criminal conduct in appropriate cases. In order to carry out this independent statutory remit, the Bureau has, in addition to exercising powers under the criminal code, drawn on the provisions of the Proceeds of Crime Act 1996-2005, together with Revenue and Social Protection legislation. The provision of the Criminal Assets Bureau Act, 1996 as amended, provide for the exercise of the Bureau's functions using a multi-agency and multi-disciplinary approach.

The Bureau continued to target assets deriving from a variety of suspected criminal conduct including drug trafficking, fraud, theft, the laundering and smuggling of fuel and the illegal tobacco trade. The investigations conducted by the Bureau and the consequential proceedings and actions resulted in sums in excess of €467k being forwarded to the Exchequer under the Proceeds of Crime legislation. In addition, in excess of €3.017 million was collected in Revenue and in excess of €335,911 in Social Welfare overpayments was recovered.

At an international level, the Bureau has maintained strong links and has continued to liaise with law enforcement and judicial authorities throughout Europe and worldwide in targeting assets deriving from suspected criminal conduct. In a number of cases, joint investigations were undertaken and are continuing at this time.

The Bureau continued to develop its

relationship with a number of law enforcement agencies with cross-jurisdictional links, most notably, Interpol, Europol and the CARIN Network. As the designated Asset Recovery Office (ARO) in Ireland, the Bureau continues to further develop enhanced law enforcement links with other EU Member States.

International liaison is not solely confined to agencies in the area of law enforcement. In this regard, the Bureau has continued its efforts to develop strategies whereby assets are targeted, in liaison with financial institutions offering financial products internationally, so that suspected criminals are deprived of or denied the benefits of assets or gains from criminal conduct.

As has been noted in previous Annual Reports, the vacancy of one solicitor which has been unfilled since 2009, remained so throughout 2014. However, the recruitment process began in late 2014 and it is anticipated that this position will be filled in early 2015. In addition, a number of vacancies remained unfilled for periods of time throughout the year which presented additional challenges to the Bureau. In the main, the cause of delays in filling vacancies arose from matters outside the control of the Bureau and related to selection processes within the agencies from where Bureau staff are drawn.

In pursuing its objectives, the Bureau continues to liaise closely with the Garda Síochána, the Revenue Commissioners, the Department of Social Protection and

Part Nine Conclusions

the Department of Justice and Equality in developing a coherent strategy to target the assets and profits deriving from criminal conduct. This strategy is considered an effective tool in the overall fight against organised crime.

The Bureau, at the request of the Commissioner of the Garda Síochána, has committed resources to examine the outcome of two Tribunals of Inquiry, namely the Tribunal of Inquiry into Payments to Politicians and Related Matters and the Tribunal of Inquiry into Certain Planning Matters and Payments. The Bureau has been requested to investigate whether criminal conduct is disclosed on the part of individuals referred to in the reports or otherwise whether any aspects of the findings of the Tribunals fall within the statutory remit of the Bureau. The Bureau's work in this regard is ongoing at this time.

One matter worthy of mention in the context of results achieved during 2014 is the recovery of a rare and valuable item of artwork and its restoration to public display at the Hugh Lane Gallery in Dublin.

During the course of an investigation by the Bureau in 2013, specific intelligence came to the attention of the investigators which led to the recovery of a valuable painting, "*In The Omnibus*" by French Artist, Honore Daumier.

The drawing in watercolour and gouache was stolen in June 1992 from the Hugh Lane Gallery.

In May 2014, the Bureau was delighted to be able to return the painting to Dr Barbara Dawson, Director of the Hugh Lane Gallery.

During 2014, in excess of €3.8 million was forwarded to the Central Fund as a result of the actions of the Criminal Assets Bureau.

"In the Omnibus" by Honore Daumier



Appendix

objectives & functions of the Bureau

Objectives of the Bureau: Section 4 of the Criminal Assets Bureau Act 1996 & 2005

4.—Subject to the provisions of this Act, the objectives of the Bureau shall be—

- (a) the identification of the assets, wherever situated, of persons which derive or are suspected to derive, directly or indirectly, from criminal conduct,
- (b) the taking of appropriate action under the law to deprive or to deny those persons of the assets or the benefit of such assets, in whole or in part, as may be appropriate, and
- (c) the pursuit of any investigation or the doing of any other preparatory work in relation to any proceedings arising from the objectives mentioned in paragraphs (a) and (b).

Functions of the Bureau: Section 5 of the Criminal Assets Bureau Act 1996 & 2005

5.—(1) Without prejudice to the generality of Section 4, the functions of the Bureau, operating through its Bureau Officers, shall be the taking of all necessary actions—

- (a) in accordance with Garda functions, for the purposes of, the confiscation, restraint of use, freezing, preservation or seizure of assets identified as deriving, or suspected to derive, directly or indirectly, from criminal conduct,

(b) under the Revenue Acts or any provision of any other enactment, whether passed before or after the passing of this Act, which relates to revenue, to ensure that the proceeds of criminal conduct or suspected criminal conduct are subjected to tax and that the Revenue Acts, where appropriate, are fully applied in relation to such proceeds or conduct, as the case may be,

(c) under the Social Welfare Acts for the investigation and determination, as appropriate, of any claim for or in respect of benefit (within the meaning of Section 204 of the Social Welfare (Consolidation) Act, 1993) by any person engaged in criminal conduct, and

(d) at the request of the Minister for Social Welfare, to investigate and determine, as appropriate, any claim for or in respect of a benefit, within the meaning of Section 204 of the Social Welfare (Consolidation) Act, 1993, where the Minister for Social Welfare certifies that there are reasonable grounds for believing that, in the case of a particular investigation, Officers of the Minister for Social Welfare may be subject to threats or other forms of intimidation,

and such actions include, where appropriate, subject to any international agreement, co-operation with any police force, or any authority, being an authority with functions related to the recovery of proceeds of crime, a tax authority or social security authority, of a

[Appendix 1](#)
[objectives & functions of the Bureau](#)

territory or state other than the State.

(2) In relation to the matters referred to in subsection (1), nothing in this Act shall be construed as affecting or restricting in any way—

(a) the powers or duties of the Garda Síochána, the Revenue Commissioners or the Minister for Social Welfare, or

(b) the functions of the Attorney General, the Director of Public Prosecutions or the Chief State Solicitor.

An Búró um Shócmhainní Coiriúla
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil.: +353 1 666 3266
Facs: +353 1 666 3296
R-phost: info@cab.ie
Twitter: criminalassets

This report is also available in the English language.
Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla freisin.

© Cóipcheart: Rialtas na hÉireann.

Rinne Coiste Tuarascála Bliantúla an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 2014 an tuarascáil seo a ullmhú agus a dhearadh.

Clár Ábhar

<i>Clár Ábhar</i>	<i>i</i>
<i>Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais</i>	<i>v</i>
<i>Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána</i>	<i>vii</i>
<i>Brollach</i>	<i>xi</i>

Cuid a hAon: Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

<i>An Biúró</i>	<i>1</i>
<i>Airgeadas</i>	<i>1</i>
<i>Cuspóirí agus feidhmeanna</i>	<i>1</i>
<i>Príomh-Oifigeach an Bhiúró</i>	<i>2</i>
<i>Comhlacht corpraithe</i>	<i>2</i>
<i>Oifigigh agus foireann an Bhiúró</i>	<i>3</i>
<i>Leibhéal Soláthar Foirne</i>	<i>3</i>
<i>Neamhainmníocht</i>	<i>4</i>
<i>Oifigeach Dlí an Bhiúró</i>	<i>4</i>
<i>Struchtúr an Bhiúró</i>	<i>4</i>
<i>Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit</i>	<i>4</i>
<i>Próifíleoirí Rannacha</i>	<i>5</i>
<i>CEIFAC</i>	<i>5</i>
<i>TACTIC</i>	<i>6</i>

Cuid a Dó: Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

<i>Imscrúduithe</i>	<i>9</i>
<i>Alt 14</i>	<i>9</i>
<i>Alt 14A</i>	<i>10</i>
<i>Iarratais a rinneadh le linn 2014</i>	<i>10</i>

Cuid a Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

<i>Réamhrá</i>	<i>11</i>
<i>Súil siar ar Alt 2</i>	<i>12</i>

Clár Ábhar
(ar lean)

<i>Miondealú luachála</i>	13
<i>Miondealú geografach</i>	13
<i>Súil siar ar Alt 3</i>	14
<i>Maoin</i>	15
<i>Feithiclí</i>	15
<i>Alt 4(1) agus 4A</i>	16
<i>Alt 6</i>	17
<i>Alt 7</i>	17

Cuid a Ceathair: Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

<i>Forbhreathnú</i>	19
<i>Feidhmeanna Cánach</i>	19
<i>Measúnuithe Cánach</i>	19
<i>Achomhairc Chánach</i>	19
<i>Achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc</i>	19
<i>Cás 1</i>	20
<i>Cás 2</i>	20
<i>Cás 3</i>	20
<i>Cás 4</i>	20
<i>Cás 5</i>	20
<i>Achomharc 1</i>	20
<i>Achomharc 2</i>	21
<i>Achomharc A</i>	21
<i>Achomharc B</i>	21
<i>Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda</i>	21
<i>Bailiúcháin</i>	21
<i>Éilimh</i>	22
<i>Feidhmeanna Custam agus Máil</i>	22
<i>Táblaí ioncaim</i>	24

Cuid a Cúig: Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

<i>Forbhreathnú.....</i>	<i>27</i>
<i>Coigilteas.....</i>	<i>27</i>
<i>Ró-Íocaíochtaí.....</i>	<i>27</i>
<i>Aisghabhálacha.....</i>	<i>27</i>
<i>Achomhairc.....</i>	<i>28</i>

Cuid a Sé: Ionchúisimh Choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

<i>Réamhrá.....</i>	<i>29</i>
<i>Cionta a bhain le Cáin.....</i>	<i>29</i>
<i>Cás 1.....</i>	<i>29</i>
<i>Cás 2.....</i>	<i>29</i>
<i>Cás 3.....</i>	<i>29</i>
<i>Cás 4.....</i>	<i>29</i>
<i>Cionta a bhain le Leas Sóisialach.....</i>	<i>30</i>
<i>Cás 5.....</i>	<i>30</i>

Cuid a Seacht: Breithiúnais Shuntasacha Chúirte le linn 2014

<i>Jackson Way Properties Limited v An Biúró um Shócmhainní Coiriúla.....</i>	<i>31</i>
<i>Murphy v John Gilligan agus Daoine Eile.....</i>	<i>33</i>
<i>An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v SR agus Christopher Russell.....</i>	<i>35</i>
<i>An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v Michael Murphy (Beag) agus Michael Murphy (Mór).....</i>	<i>37</i>

Cuid a hOcht: Forbairtí idirnáisiúnta

<i>An ghné idirnáisiúnta.....</i>	<i>41</i>
<i>An Oifig Aisghabhála Sócmhainní.....</i>	<i>41</i>
<i>Oibríochtaí Idirnáisiúnta.....</i>	<i>41</i>
<i>Europol.....</i>	<i>41</i>
<i>Interpol.....</i>	<i>41</i>
<i>CARIN.....</i>	<i>42</i>

Clár Ábhar
(ar lean)

<i>ALEFA</i>	42
<i>ARIN-AP</i>	44
<i>An Caidreamh leis an Ríocht Aontaithe</i>	45
<i>An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann</i>	45
<i>An Grúpa um Breosla Trasteorann agus an Grúpa um Mál Trasteorann</i>	45
<i>Cuairteanna ar an mBiúró</i>	45
<i>Cuid a Naoi: Conclúidí</i>	47
<i>Aguisín: Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró</i>	49

Litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

A Aire, a chara,

De réir fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain 2014 a chur faoi do bhráid. Leagtar amach sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Bhiúró le linn na bliana 2014, agus é ag féachaint leis an sainchúram reachtúil atá air a chomhlíonadh. Mionsonraítear sa tuarascáil freisin na gníomhartha a rinne an Biúró faoin reachtaíocht um fháltais ó choireacht, faoin reachtaíocht ioncaim agus faoin reachtaíocht leasa shóisialaigh chun díriú go rathúil ar fháltais amhrasta ó iompar coiriúil. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil an Biúró fós mar chuid lárnach den fhreagairt d'iompar coiriúil in Éirinn ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

Le linn na bliana 2014, dhírigh an Biúró go mór ar dhul i ngleic le fáltais choiriúla a shaothraítear ó olaí. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin comhoibriú fairsing agus iarracht chomhordaithe a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus i gCoimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC) araon. Tá an Biúró fós ag díriú go mór ar an réimse sin, ní amháin mar gheall ar an gcaillteanas suntasach a chruthaíonn sé don státchiste, ach mar gheall freisin ar na mórimpleachtaí airgeadais a bhíonn aige ar údarais áitiúla ar gá dóibh an dochar comhshaoil a dhéanann na holaí a réiteach.

Mar sin féin, leanann an Biúró le dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar dhul i ngleic le coirpigh thromchúiseacha, lena n-áirítear iad sin a bhíonn páirteach i

ngáinneáil ar dhrugaí agus i ndrugaí a dhíol, ar nithe dochracha is cúis le fadhbanna inár bpobal iad araon. Ábhar spéise ar leith i mbliana ba ea an bhéim a chuir an Biúró ar dhul i ngleic le grúpaí eagraithe a bhíonn ag taisteal chun dul i mbun iompar coiriúil, agus iad páirteach i mbuirgléireacht agus i robáil go príomha.

Ar bhonn idirnáisiúnta, leanann an Biúró le dul i mbun teagmhála agus, nuair is cuí, imscrúduithe le húdarais forfheidhmithe dlí agus le húdarais bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain agus iad ar lorg sócmhainní a tháinig ó iompar coiriúil.

Leanann an Biúró le bheith ina bhall gníomhach de Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) agus, ar mhaithe lena éifeachtaí atá sé ar leibhéal idirnáisiúnta agus é ina Oifig Aisghabhála Sócmhainní (OAS) ainmnithe d'Éirinn, baineann sé leas as na gréasáin sin chun a chuid cuspóirí a bhaint amach. Ina theannta sin, tá áthas orm aitheantas a thabhairt do na forbairtí atá déanta ar fheidhmeanna cuntasáíochta fóiréinsí a leagan síos don chineál imscrúdaithe sin.

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, téann an Biúró i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí uile sa Stát ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt chun díriú ar shócmhainní agus ar bhrabús a thagann ó iompar coiriúil agus, go háirithe, ó choireacht eagraithe.

Litr ó Choimisinéir an Gharda Síochána lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Is mise le meas



NÓIRÍN O'SULLIVAN
COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA



Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom an 19ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2014 a chur faoi do bhráid. Cuirtear an tuarascáil seo chugat le cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais de bhun fhorálacha Alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996. Leagtar amach sa tuarascáil na gníomhaíochtaí ar thug an Biúró fúthu le linn na bliana agus é ag féachaint leis an sainchúram reachtúil atá air a bhaint amach. Is é sin, díriú ar na fáltais ó chuireacht.

Le linn na bliana, lean an Biúró ar aghaidh le cásanna a thabhairt chun críche faoin Acht um Fháltais ó Chuireacht, 1996, arna leasú, agus, in éineacht le gníomhartha faoi fhorálacha loncaim agus faoi fhorálacha Coimirce Sóisialaí, d'éirigh leis de bhreis ar €3.8 milliún a bhaint amach don Státchiste.

Le linn na bliana 2014, tugadh deich n-iarratas nua os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht um Fháltais ó Chuireacht. Uair amháin eile, ba i leith fáltas a tháinig ó gháinneáil drugaí a tionscnaíodh formhór na ngníomhartha sin. Ina theannta sin, rinneadh gníomhartha in aghaidh daoine a measadh a bheith páirteach i gcineálacha eile iompair choiriúil, go háirithe i leith fáltais choiriúla a tháinig ó ghníomhaíochtaí sciúrtha breosla.

Bhain na feidhmeanna faoin Acht um Fháltais ó Chuireacht le fáltais ó chuireacht maoin freisin, lena áiríodh robáil agus buirgléireacht, a d'eascair as imscrúduithe a rinneadh i gcomhar le móroibríochtaí an Gharda Síochána arbh é ab aidhm dóibh coireanna den chineál

sin a chomhrac. Go háirithe, tá iarracht ar leith déanta ag an mBiúró díriú ar na fáltais ó chuireacht a fhabhraíonn chuig grúpaí eagraithe a bhíonn ag taisteal chun dul i mbun iompar coiriúil. Tá cuid mhór den obair imscrúdaitheach sin ar siúl san am i láthair agus tiocfaidh an toradh ar an obair sin chun suntais sa bhliain atá romhainn.

Go háirithe, d'éirigh leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, agus leas á bhaint aige as forálacha cuí loncaim, de bhreis ar €3 milliún a chur ar aghaidh chuig Príomh-Chiste an Státchiste. D'aisghabh sé de bhreis ar €335,911 mar gheall ar ró-íocaíochtaí faoi fhorálacha Leasa Shóisialaigh freisin.

Bhí sé mar straitéis ag an mBiúró arís eile sa bhliain 2014 a chuid gníomhaíochtaí a chomhordú ar bhealach a thugann aird ar Phleananna Póilíneachta de chuid an Gharda Síochána agus ar straitéisí de chuid na gCoimisinéirí loncaim agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air sin, tá ról ag an mBiúró in imscrúdú a dhéanamh ar chionta coiriúla anois. I ngach cás a bhaineann le sárú líomhnaithe ar an dlí coiriúil, déantar bainistiú cúramach ar ról an Bhiúró, ag féachaint do phríomhfheidhmeanna an Gharda Síochána agus, i gcásanna áirithe, do phríomhfheidhmeanna na gCoimisinéirí loncaim d'fhonn a chinntiú go sathraítear leigheasanna cuí i leith iompar coiriúil.

Leagtar amach sa tuarascáil seo líon na n-imscrúduithe coiriúla ar thug an Biúró fúthu le linn na bliana, agus bhí imeachtaí os comhair na gCúirteanna Coiriúla mar

Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

thoradh ar roinnt díobh.

Bhí rún daingean ag an mBiúró arís eile sa bhliain 2014 oiliúint chuí a chur ar fáil chun críocha imscrúdaithe. Maidir leis sin, leathnaíodh an Clár Oiliúna do Phróifíleoirí Ranna um Shócmhainní Coiriúla. Is é príomhaidhm na forbartha sin ná feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an Biúró trí oiliúint a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí gaolmhara.

Ina theannta sin, cuireadh dhá chéim den Chúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí i gcrích i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána le linn na bliana. Is é is aidhm shonrach don chúrsa sin freastal ar riachtanais an Bhiúró amach anseo agus, go háirithe, cur leis an gcumas atá aige sárú a dhéanamh ar na dúshláin imscrúdaitheacha atá roimhe maidir le sócmhainní coiriúla a rianú.

Leanann an Biúró le forbairt a dhéanamh ar an gcuidreamh atá aige le Interpol, le Europol agus le Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN). Mar sin, mórfhorbairt i dtaca le comhoibriú idirnáisiúnta a chothú in imscrúduithe den chineál sin de chuid an Bhiúró ba ea an pháirt a ghlac an Biúró i gComhdháil Chumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Forfheidhmithe Dlí (ALEFA) i mí Dheireadh Fómhair 2014. Ina theannta sin, leanann an Biúró le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar leibhéal idirnáisiúnta trí na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Óna bhunú, tá tacaíocht den scoth á fáil ag an mBiúró ó dhaoine den pobal. Mar

fhianaise air sin, tá an dea-chaidreamh oibre atá againn le hInstitiúidí Airgeadais, le Comhlachtaí Cuntasaíochta agus le gníomhaireachtaí eile rialála sa tír agus an teagmháil dhíreach a bhíonn againn leis an bpobal.

Agus úsáid mhéadaithe á baint aige as na meáin shóisialta, d'éirigh leis an mBiúró feabhas a chur ar a acmhainn cumarsáide leis an bpobal agus le comhlachtaí gairmiúla. Mar sin féin, is é príomhaidhm an Bhiúró go fóill díriú ar shócmhainní aindleathacha de chuid coirpeach eagraithe tromchúiseach a bhíonn ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léirítear an chroithosaíocht sin sa bheartas atá ag an mBiúró tacú le hiarrachtaí dul i ngleic le hiompar coiriúil ar leibhéal an phobail áitiúil. Leanann Clár na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt san iarracht sin fáltais ó choireacht a shaothrú ar leibhéal áitiúil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go fórbhuíoch don tacaíocht agus don chomhoibriú a thug na daoine seo a leanas don Bhiúró le linn na bliana: an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ba mhian liom aitheantas ar leith a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht an aturnae agus na foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ina theannta sin, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh

Litir ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig
Coimisinéir an Gharda Síochána

leis na baill foirne ó Oifig an Phríomh-Atur-nae Stáit a bhfuil baint acu leis an mBiúró faoi Dhámhachtain Dlí na hEarnála Poiblí a bhaint. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don méid a rinne Abhcóidí Dlí a bhí fostaithe ag an mBiúró.

Bhí mórán athruithe pearsanra ann laistigh den Bhiúró le linn na bliana, agus iad ag eascairt as imeacht roinnt daoine de bharr ardú céime, scoir agus aistrithe. Gné den Bhiúró, a chuir leis an rath a baineadh amach go dtí seo, is ea gur ón ngrúpa iarratasóirí ba cháilithe agus ba thiomnaithe a bhí ar fáil a roghnaíodh an pearsanra a sannadh ó na máthairghníomhaireachtaí éagsúla. Mar gheall ar na dúshláin, go háirithe ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de, atá roimh an mBiúró san fhichiú bliain ina bhfuil sé ar bun, tá sé rithábhachtach go leantar ar aghaidh le pearsanra den sórt sin a shannadh dó.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus d'obair dhícheallach an phearsanra ar fad a bhfuil baint acu leis an mBiúró san am i láthair agus a raibh baint acu leis an mBiúró roimhe seo. De bharr chineál na hoibre a bhíonn i gceist, ní féidir aitheantas poiblí a thabhairt dóibh ina lán cásanna mar gheall ar an riachtanas le neamhainmníocht agus mar gheall ar riachtanais slándála an phearsanra a bhaineann lena gcuid oibre. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom an deis a thapú fáilte a chur roimh phearsanra nua a tháinig isteach sa Bhiúró le linn na bliana. Táim ag tnúth le bheith ag oibriú leo sa toadhcháil.

Ar deireadh, agus mé i mo Phríomh-Oifigeach ar an mBiúró, is mian liom

aitheantas a thabhairt don ardleibhéal gairmiúlachta, dúthrachta agus tiomantais a léirigh gach oifigeach agus ball foirne an Bhiúró arís eile, lena n-áirítear Oifigeach Dlí an Bhiúró, an pearsanra a tugadh ar iasacht dúinn ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó na Coimisinéirí loncaim.

Is mise le meas



EUGENE CORCORAN
ARD-CHEANNFORT
PRÍOMH-OIFIGEACH AN BHIÚRÓ

25 Meitheamh 2015

Litr ó Phríomh-Oifigeach an Bhiúró lena gcuirtear an tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Samplaí d'uaireadóirí a d'urghabh an Biúro



Brollach

Tuarascáil Alt 21

Is í seo an 19ú Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear “an Biúró” anseo feasta) agus cuimsítear inti an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014 agus an dá dháta sin san áireamh.

Rinneadh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht, 1996, a leasú roinnt uaireanta. Ba é an leasú ba shuntasáí díobh ná an tAcht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar “an tAcht” ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005, anseo feasta agus tabharfar “an tAcht um FC” ar an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, anseo feasta. Is é atá in Achtanna 1996, agus in Acht 2005, comhtheideal leasuithe lena rialaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile de bhun Alt 21 den Acht, lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2014 a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, trí Choimisinéir an Gharda Síochána.

Brollach
Alt 21



Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

An Biúró

Cuireadh an Biúró ar bun go foirmiúil le hachtú an Achta an 15 Deireadh Fómhair 1996. Foráiltear san Acht don méid seo a leanas (i measc ábhair eile):

- cuspóirí an Bhiúró;
- feidhmeanna an Bhiúró;
- Príomh-Oifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis i dtaobh foireann an Bhiúró agus teaghlaigh fhoireann an Bhiúró a aithint;
- cionta agus pionóis i dtaobh cúrsaí a bhac agus i dtaobh imeaglaithe;
- Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
- Orduithe soláthair an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tAire Dlí agus Cirt ar fáil dó tríd an Oireachtas chun go bhféadfadh sé a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid cuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Faoi mar a fhoráiltear dó le Reachtaíocht, is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a

dhéanann iniúchadh ar an airgead ar fad a chuireann an tOireachtas ar fáil, mar atá leagtha amach thíos.

Ina theannta sin, déanann Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh bliantúil neamhspleách ar nósanna imeachta agus ar phróisis an Bhiúró.

Cuntais do 2014

Cur Síos	Suim €	
	2013	2014
Pá	5,591,000	5,500,000
Neamhphá	864,000	1,154,000
Iomlán	6,455,000	6,654,000

Cuspóirí agus feidhmeanna

Leagtar cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró amach in Alt 4 agus in Alt 5 faoi seach den Acht. Leagtar na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla sin amach ina n-iomláine in Aguisín 1. Is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

1. na fáltais ó iompar coiriúil a aithint agus a imscrúdú;
2. gníomhartha a dhéanamh faoin dlí chun na tairbhí a ghabhann le sócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;
3. gníomhartha a dhéanamh faoi na hAchtanna Ioncaim chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil; agus
4. éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

chinneadh.

Príomh-Oifigeach an Bhiúró

Tá an Biúró faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach an Bhiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána óna chuid comhaltaí a bhfuil céim Ceannfoirt acu. Is é Príomh-Oifigeach an Bhiúró faoi láthair ná an Bleachtaire Ard-Cheannfort Eugene Corcoran a chuaigh i mbun an phoist an 1 Meán Fómhair 2010.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, faoi Alt 7 den Acht, as bainistíocht, as rialú agus as riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomh-Oifigeach an Bhiúró freagrach don Choimisinéir as feidhmíocht fheidhmeanna an Bhiúró.

Foráiltear san Alt seo freisin go gceapfar Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró chun feidhmeanna Phríomh-Oifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás aon éagumais de dheasca breoiteachta, neamhláithreachta nó aon chúise eile.

Comhlacht corpraithe

Is ann don Bhiúró mar chomhlacht corpraithe neamhspleách, faoi mar a fhoráiltear dó faoi Alt 3 den Acht. Rinne an Ard-Chúirt breithniú ar stádas an Bhiúró den chéad uair sa bhliain 1999 sa chás *Murphy -v- Flood* ([1999] IEHC 9).

Thug an Breitheamh Onórach McCracken breithiúnas na hArd-Chúirte an 1 Iúil 1999. Tá an breithiúnas sin an-tábhachtach maidir le cineál an Bhiúró a thuiscint.

Ba é seo a leanas tuairim na Cúirte:

“Tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ina chomhlacht corpraithe, agus síorchomharbas aige. In ainneoin nach mór Príomh-Oifigeach an Bhiúró a cheapadh ó chomhaltaí den Gharda Síochána a bhfuil céim Ceannfoirt acu, tá an Biúró um Shócmhainní Coiriúla neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé go bhfuil cuid mhór de na cumhachtaí a thugtar don Gharda Síochána de ghnáth ag an mBiúró.

...

Cruthaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla le Reacht, ní craobh de chuid an Gharda Síochána é. Chuir an tOireachtas ar bun é mar chomhlacht corpraithe chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine tairbhe as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil. Tá sé de chumhacht aige gach gníomh is gá a dhéanamh i leith sócmhainní a tháinig ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a ghnóthú agus tugtar cumhachtaí áirithe dó a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáiltais ó ghníomhaíocht den sórt sin. Tá cumhachtaí áirithe aige freisin faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Mar sin féin, ní comhlacht ionchúisimh ná údarás póilíneachta é. Údarás imscrúdaithe is ea. Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus na cumhachtaí suntasacha imscrúdaithe atá aige a fheidhmiú, déanann sé iarratas chuig an gCúirt chun cúnamh a fháil maidir lena chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú.

Is soiléir gur chreid an tOireachtas, agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla á chur ar bun aige, gur ghá chun leas an phobail é comhlacht a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach a bhunú. Mar sin féin, nílim den tuairim gurb

Cuid a hAon
*Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar
fhoireann an Bhiúró*

ionann é agus an Garda Síochána, rud a dhéanann imscrúdú d'fhonn daoine a ionchúiseamh i gcionta. Déanann an Biúró um Shócmhainní Coiriúla imscrúdú d'fhonn sócmhainní a fuarthas ó ghníomhaíochtaí coiriúla a ghnóthú agus na sócmhainní sin a thabhairt ar aghaidh don Stát."

dhílsiú d'Oifigigh de chuid an Bhiúró d'ainneoin a gcuid ceapacháin mar Oifigigh de chuid an Bhiúró.

Tá aon duine is seachtó fostaithe sa Bhiúró faoi láthair, figiúr a chuimsíonn Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne eile.

Oifigigh agus foireann an Bhiúró

Foráiltear in Alt 8 den Acht d'Oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar baill foirne an Bhiúró faoi Alt 9 den Acht.

Mar thoradh ar ardú céime a bronnadh ar Oifigeach Feidhmiúcháin i mí na Samhna 2014, tá folúntas ann anois i Rannóg Riaracháin an Bhiúró. Táthar ag súil go líonfar an folúntas sin sa chéad leath den bhliain 2015.

Is iad seo a leanas atá in Oifigigh de chuid an Bhiúró:

- A. comhaltaí den Gharda Síochána;
- B. oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim; agus
- C. oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tugtar oifigigh ar iasacht óna gcuid máthairghníomhaireachtaí.

Tá foireann an Bhiúró comhdhéanta de na daoine seo a leanas:





- I. Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- II. baill ghairmiúla foirne an Bhiúró;
- III. baill foirne riaracháin agus teicniúla an Bhiúró.

Leantar le cumhachtaí agus dualgas a

Cuid a hAon

Forbheathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

Leibhéal Soláthar Foirne

	37
	6
	16
	12

Ní chuirtear na daoine seo a leanas san áireamh faoin gcosc sin: Príomh-Oifigeach an Bhiúró, Príomh-Oifigeach Gníomhach an Bhiúró, Oifigeach Dlí an Bhiúró agus Oifigigh Bhiúró is comhaltaí den Gharda Síochána.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, agus tá sé de dhualgas air faoi Alt 9 den Acht cabhrú leis an mBiúró a chuid cuspóirí agus feidhmeanna a bhaint amach.

Struchtúr an Bhiúró

A bhúí le struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró, rud trína dtarraingítear scileanna éagsúla an phearsanra lena mbaineann le chéile, tá cumas imscrúdaitheach níos fearr ag an mBiúró a shainchúram reachtúil a bhaint amach. Is féidir é sin a dhéanamh faoi Alt 5 den Acht, áit a mionsonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (dá ngairtear "OPAS" anseo feasta) comhairle dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil don Bhiúró.

Déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró maidir le dlíthíocht a thionscnamh agus a chosaint araon i ngach dlínse chúirte, go príomha le cúnamh ó Abhcóide, ach ní go heisiach leis. Ina theannta sin, déanann OPAS ionadaíocht don Bhiúró i ngach

Neamhainmníocht

D'fhonn sábháilteacht Oifigigh agus bhaill foirne áirithe an Bhiúró a chinntiú, leagtar neamhainmníocht do na baill sin amach faoi Alt 10 den Acht. Faoin Alt sin, comhlíonann oifigigh agus baill foirne an Bhiúró a gcuid dualgas in ainm an Bhiúró.

Foráiltear in Alt 11 den Acht gur cion coiriúil é Oifigigh, baill foirne agus teaghlaigh bhaill foirne an Bhiúró a aithint.

ábhar cánach agus leasa shóisialaigh os comhair na gcomhlachtaí achomhairc lena mbaineann agus sa Chúirt Chuarda araon.

Ina theannta sin, cuireann OPAS comhairle ghinearálta dlí agus seirbhísí aturnae ar fáil ag gach céim de chásanna, idir imscrúdú agus dhiúscairt, lena n-áirítear seirbhísí dréachtaithe conartha agus seirbhísí tíolactha a sholáthar.

Bhí foireann OPAS comhdhéanta de na daoine seo a leanas le linn na bliana 2014:

- 1 aturnae;
- 2 fheidhmeannach dlí; agus
- 2 oifigeach cléireachais.

Tá folúntas amháin mar aturnae gan líonadh ón mbliain 2009 agus bhí sé gan líonadh go fóill le linn na bliana 2014. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta don phost sin ag deireadh na bliana 2014, áfach, agus táthar ag súil go líonfar an post sin ag tús na bliana 2015.

Chomh maith leis sin, bronnadh an dámhachtain “Foireann Dlí na Bliana san Earnáil Phoiblí” ar OPAS ag na Dámhachtainí Dlí bliantúla don bhliain 2014. Ba é sin an chéad uair riamh a fuair aon rannóg ar bith de chuid Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, Oifig an Ard-Aighne nó na gCoimisinéirí loncaim an dámhachtain ardghradaim sin.

Próifíleoirí Rannacha

Leanadh ar aghaidh leis an gClár Oiliúna do Phróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla a athbhreithniú le linn na bliana 2014. Faoi dheireadh na bliana, bhí céad nócha is ceathrar Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ann laistigh den dlínse seo.

Tar éis gluaiseachtaí ball foirne de bharr ardú céime, aistrithe, scor, etc., bhí céad caoga is seisear Próifíleoirí ann agus é seo á scríobh. Tá an líon sin comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 138 Garda;
- 15 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí loncaim atá i mbun dualgais Chustam agus Mháil; agus
- 3 Oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Is é ról na bPróifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla ná dul i dteagmháil agus cabhrú leis an mBiúró le linn imscrúduithe laistigh dá gcuid Rannóg agus Limistéir Gharda. Lena chois sin, ullmhaíonn Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní Coiriúla próifílí ar choirpigh atá gníomhach laistigh dá gcuid limistéir oibriúcháin agus tarchuireann siad na próifílí sin chuig an mBiúró lena mbreithniú le haghaidh gníomhaíochta de bhun shainchúram reachtúil an Bhiúró.

Tá Clár Oiliúna breise do Phróifíleoirí le cur ar siúl i mí Aibreáin 2015 agus táthar ag súil go gcuirfear oiliúint ar thart ar 45 Garda eile ann.

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

CEIFAC

(An Coláiste Eorpach um Imscrúduithe Airgeadais agus Anailís ar Choireacht Airgeadais)

Tá tionscadal CEIFAC ina thionscnamh oiliúna agus taighde atá á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach mar chuid den chlár “An Choireacht a Chosc agus a Chomhrac”, rud a bhfuil Europol ina chomhpháirtí ann. Is é aidhm an chlár feabhas a chur ar na teicnící imscrúdaitheacha a bhíonn in úsáid ar fud an Aontais Eorpaigh agus eolas a thabhairt do rannpháirtithe ar na teicnící sin sula gcuirfear chun feidhme iad sna Ballstáit. Mar chuid de chlár oiliúna CEIFAC, cuireadh cúrsa oiliúna agus taighde trí seachtaine ar fáil do phearsanra Póilíneachta agus do phearsanra ó Ghardaí Náisiúnta, do phearsanra custaim, d’Ionchúisitheoirí agus do phearsanra ó Ranna Ceartais. Bhí an cúrsa ar siúl in Strasbourg faoi choimirce Ollscoil Strasbourg.

Tagann clár taighde CEIFAC faoi raon feidhme GRASCO, an Grúpa um Gníomh Taighde ar Choireacht Eagraithe de chuid Ollscoil Strasbourg. Is é aidhm an chlár sin cabhrú le himscrúduithe airgeadais a chur chun cinn san Aontas Eorpach d’fhonn coireacht eagraithe a chomhrac ar bhealach níos fearr, agus cearta bunúsacha Shaoránaigh na hEorpa á gcosaint ag an am céanna. Is i dtorthaí agus i bhfoilseacháin ón gCoimisiún Eorpach a phléifear na torthaí ar an taighde a rinneadh tar éis na seisiún oiliúna.

D’fhreastail ball amháin den Bhiúró ar Thionscadal CEIFAC in Strasbourg, an

Fhrainc, le linn mhí Dheireadh Fómhair / mhí na Samhna 2014.

TACTIC

(An Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d’Imscrúdaitheoirí)

Le linn na bliana 2012, shainaithin bainisteoirí sa Bhiúró go raibh gá ann le hoiliúint aitheanta struchtúrtha a chur ar fáil do shainimscrúdaitheoirí airgeadais agus do bhaill den Bhiúró. Cuireadh coiste oideachais ar bun ina dhiaidh sin, rud a bhí comhdhéanta d’ionadaithe ó gach gníomhaireacht de chuid an Bhiúró. Leagadh de dhualgas ar an gcoiste taighde a dhéanamh ar an gceist sin agus moltaí cuí a chur le chéile ina leith.

Chuaigh an coiste i dteagmháil le Coláiste an Gharda Síochána d’fhonn leas a bhaint as an saineolas atá aige, agus é mar aidhm aige comhoibriú a dhéanamh ar straitéis oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a sholáthar don Bhiúró ar bhealach cost-éifeachtúil.

Bhí baint ag gach gníomhaireacht de chuid an Bhiúró agus ag Coláiste an Gharda Síochána leis an gcúrsa a fhorbairt. Chomh maith leis sin, chuaigh Oifigigh an Bhiúró i dteagmháil le fórsaí Póilíneachta eile, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) ina measc, agus ghlac siad páirt i gcúrsaí oiliúna na bhfórsaí sin d’fhonn eolas a fháil ar an gcineál sainoiliúna a bhíonn á soláthar ag gníomhaireachtaí/fórsaí eile.

Chabhraigh an méid sin leis an gCoiste na

Cuid a hAon
Forbhreathnú ar an mBíúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró


hinniúlachtaí ar leith a ghabhann go huathúil le hImscrúduithe Rianaithe Sócmhainní agus le hImscrúduithe Airgeadais a shainaithint. Cuireadh cúrsa saindeartha nua ar bun mar thoradh ar an taighde sin agus ar na moltaí ón gCoiste, rud ar a dtugtar An Cúrsa um Shócmhainní a Choigistiú agus a Rianú d'Imscrúdaitheoirí nó "TACTIC".

In éineacht le Coláiste an Gharda Síochána, d'éirigh le Coiste Oideachais an Bhiúró curaclam céimnithe oideachais agus oiliúna a cheapadh. Triaileadh Céim 1 den chúrsa i mí na Bealtaine 2014 agus triailadh Céim 2 ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2014. Táthar ag súil go dtriailfear Céim 3 agus Céim 4 i mí Feabhra agus i mí na Bealtaine 2014 faoi seach.

Nuair a bheidh sé réidh, cinnteoidh an cúrsa go soláthrófar oiliúint de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta do gach imscrúdaitheoir de chuid an Bhiúró; go gcuirfear caighdeánú cleachtas oibre chun cinn ar fud na bhfoirne imscrúdaithe; agus go gcuirfear le gairmiúlacht an Bhiúró ar fad. Chomh maith leis sin, cuirfidh an cúrsa cáilíocht ghairmiúil ar fáil d'imscrúdaitheoirí, rud a chabhróidh, i gcomhar le bearta eile, le himscrúdaitheoirí a chumasú fianaise shaineolach a thabhairt sa chúirt.

Cuid a hAon
Forbheathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar fhoireann an Bhiúró

Léaráid: Eagrúchán an Bhiúró



Cuid a hAon
*Forbheathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ar oifigigh agus ar
fhoireann an Bhiúró*

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

Le linn na bliana 2014, lean Oifigigh an Bhiúró leis na cumhachtaí agus leis na dualgais a dílsíodh dóibh faoi Alt 8 den Acht a fheidhmiú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndílsítear san Alt sin d'Oifigigh an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a mbronntar orthu de bhun iad a bheith ina mbaill dá gcuid máthaireagraíochtaí faoi seach.

Mar aon leis na cumhachtaí sin, tá cumhachtaí ar leith ar fáil don Bhiúró, mar shampla:

1. Barántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla; agus
2. Orduithe chun ábhar a chur ar fáil don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Tá na cumhachtaí sin leagtha amach in Alt 14 agus in Alt 14(A) den Acht agus den Acht um FC faoi seach.

Thug an Biúró faoina chuid imscrúduithe sa bhliain 2014 le comhar agus le cúnamh phearsanra an Gharda Síochána ó Rannóga agus ó aonaid náisiúnta de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (BGSIC), Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána (ANDGS), an Biúró Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (BNIC), an tAonad Speisialta Bleachtaireachta (ASB) agus an Rannóg Slándála agus Faisnéise, Ceanncheathrú an Gharda Síochána.

Fuarthas tacaíocht ó phearsanra na gCoimisinéirí loncaim ó gach ceann de na réigiúin seo a leanas le linn imscrúduithe freisin: Réigiún Bhaile Átha Cliath (Calafort agus Aerfort); Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; Réigiún an Iardheiscirt agus an Oirthir agus Réigiún an Oirdheiscirt. Fuarthas tacaíocht ón Rannóg Imscrúduithe agus Ionchúiseamh freisin.

Lean an Biúró de bheith ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí i ndáil lena gcuid imscrúduithe sa bhliain 2014.

Sa bhliain 2014, chuaigh an Biúró i dteagmháil leis an Sannaí Oifigiúil um Dhócmhainneacht sa Ríocht Aontaithe agus chuir sé cúnamh ar fáil dó i leith imeachtaí féimheachta.

Bhí an cúnamh sin - cúnamh atá faighte againn go leanúnach - ríthábhachtach maidir leis an rath a baineadh amach ó thaobh a bheith ag díriú ar na fáiltais ó iompar coiriúil le linn na bliana 2014.

Alt 14

Foráiltear in Alt 14 den Acht do bharántais chuardaigh an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Faoi Alt 14(1), féadfaidh Oifigeach Biúró is comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun barántas a fháil cuardach i gcomhair fianaise a bhaineann le sócmhainní nó le fáiltais a tháinig ó iompar coiriúil.

Foráiltear in Alt 14(2) agus in Alt 14(3) go

Cuid a Dó Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

bhféadfar barántas cuardaigh den chineál céanna a eisiúint in imthosca ina bhfuil práinn i gceist agus nach meastar gur féidir freastal ar iarratas chuig an gCúirt Dúiche iontu. Sa chás sin, féadfar an barántas a eisiúint do chomhalta den Gharda Síochána nach ísle a chéim ná Ceannfort.

Le linn na bliana 2014, ba chuig an gCúirt Dúiche a rinneadh gach iarratas faoi Alt 14 agus níor eisíodh aon bharántais ar bith de bhun Alt 14(2).

Is é atá i gceist le barántas cuardaigh Alt 14 ná go dtugtar cead d'Oifigeach ainmnithe de chuid an Bhiúró, is comhalta den Gharda Síochána, ábhar sa láthair ainmnithe a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil, in éineacht le cibé daoine eile a mheasann Oifigeach an Bhiúró sin a bheith riachtanach.

Baineann tábhacht leis sin toisc go dtugann sé cead don chomhalta den Gharda Síochána dul in éineacht le daoine eile a mheasann Oifigeach an Bhiúró a bheith riachtanach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus go gairmiúil, ar mhaithe le cúnamh a thabhairt dó/di le linn an chuardaigh.

Alt 14A

Cuireadh Alt 14A isteach leis an Acht um FC agus foráiltear ann go bhféadfaidh Oifigeach de chuid an Bhiúró is comhalta den Gharda Síochána iarratas a

dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche chun ordú a fháil lena dtreoraítear duine ainmnithe ábhar a chur ar fáil d'Oifigeach an Bhiúró.

Iarratais a rinneadh le linn

2014

Le linn na bliana 2014, rinneadh an líon iarratas seo a leanas faoi Alt 14 agus faoi Alt 14(A) den Acht agus d'Acht um FC faoi seach:

Iarratais faoi Alt 14 agus faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

Description	Number	
	2013	2014
Barántais chuardaigh faoi Alt 14 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	172	61
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi Alt 14A den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005	175	185

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht, 1996 agus 2005

Réamhrá

Foráiltear san Acht um Fháiltas ó Choireacht, 1996 agus 2005, (“an tAcht um FC”) do mheicníocht faoina bhféadfaidh an Biúró iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun duine / aonáin a chalcadh nó a shrianadh i dtaca le sócmhainn ar leith.

Ina theannta sin, tugtar cead don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, agus an dualgas cruthúnais uirthi, ar cé acu a tháinig nó nár tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil.

Leasaíodh an tAcht um FC sa bhliain 2005 chun go bhféadfaí na himeachtaí a thabhairt in ainm an Bhiúró in ionad ainm Phríomh-Oifigeach an Bhiúró. Is in ainm an Bhiúró a rinneadh gach iarratas an Bhiúró ó shin i leith.

Cuirtear tús leis na himeachtaí Cúirte tráth a fhaigheann an Ard-Chúirt iarratas a bhfuil mionnscribhinní faoi mhionn ó fhinnéithe iomchuí ag gabháil leis. Áirítear leis na finnéithe sin comhaltaí den Gharda Síochána, Oifigigh eile an Bhiúró agus, i gcásanna ábhartha, baill foirne ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile.

Foráiltear in Alt 2 den Acht um FC go bhféadfar an t-iarratas a dhéanamh ar bhonn ex-parte. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró an t-iarratas gan ceanglas a bheith air fógra a thabhairt don duine lena mbaineann (an Freagróir) faoin iarratas ag an am sin. Maireann ordú Alt 2 21 lá mura ndéantar iarratas

faoi Alt 3 den Acht um FC. Is le linn na tréimhse sin a thugtar fógra don duine lena mbaineann.

Cuireadh tús le himeachtaí Alt 3 i ngach ceann de na cásanna a thionscain an Biúró le linn na bliana 2014 agus ina ndearnadh ordú Alt 2(1). Tugtar cead in Alt 3 sócmhainní a chalcadh ar bhonn fadtéarma.

Cé nach mór tús a chur le cásanna Alt 3 laistigh de 21 lá ó ordú Alt 2 a dhéanamh, is féidir go rachaidh méid suntasach amháthart go dtí go n-éistfear cás Alt 3 san Ard-Chúirt. Éistear éisteachtaí Alt 3 agus an Freagróir i láthair. Le linn na n-éisteachtaí, féadfaidh an Freagróir agóid in aghaidh an cháis atá á chur ar aghaidh i ndáil leis an maoin atá i gceist.

Sa chás nach bhfuil sé d’acmhainn ag an bhFreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, féadfaidh Freagróir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt cúnaimh dlíthiúil a fháil faoi Scéim um Chúnaimh Dlíthiúil atá i bhfeidhm chun na críche sin. Cinntíonn sé sin go ndéanfar ionadaíocht do chearta an Fhreagróra ina n-iomláine agus de réir na gcaighdeán is airde.

Má thaispeántar chun sástacht na hArd-Chúirte le linn éisteacht Alt 3 gur tháinig an tsócmhainn, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil, déanfaidh an Ard-Chúirt ordú lena ndéanfar an tsócmhainn sin a chalcadh. Mairfidh an t-ordú sin seacht mbliana ar a laghad. Le linn na tréimhse sin, féadfaidh an Freagróir nó aon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin iarratas a dhéanamh an t-ordú Cúirte a

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

athrú i leith na maoin sin.

Tar éis éag don tréimhse seacht mbliana, féadfaidh an Biúró tús a chur le himeachtaí ansin chun an tsócmhainn a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó chuig aon duine eile den sórt sin de réir mar a chinneann an Chúirt faoi Alt 4 den Acht. Le linn na n-imeachtaí sin, tugtar fógra arís do gach páirtí leasmhar agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh chuig an gCúirt.

Sa chás nach bhfuil an tréimhse seacht mbliana in éag, féadfar ordú toilithe diúscartha faoi Alt 4A den Acht a chur i gcrích le toiliú ón bhFreagróir agus ón gCúirt.

Súil siar ar Alt 2

Tugadh deich gcás nua os comhair na hArd-Chúirte le linn na bliana 2014. I gcomparáid leis an bhfigiúr sin, tugadh ocht gcás nua os a comhair sa bhliain 2013.

Cásanna nua faoin Acht um FC a tugadh os comhair na hArd-Chúirte




Tugann an Biúró faoi deara an méadú

beag a bhí ann i líon na gcásanna ar cuireadh tús leo sa bhliain 2014 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013.

Agus an figiúr sin curtha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013, léirítear go raibh laghdú ann i líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú faoi Alt 2(1) ina leith sa bhliain, agus an líon ag titim ó ocht sócmhainn is daichead go dhá sócmhainn is fiche.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1)




Le linn na bliana 2014, thug an Biúró imeachtaí i leith roinnt cineálacha éagsúla sócmhainne, agus méadú suntasach ann i sócmhainní airgid/airgeadais.

Chun críocha próifílithe, miondealaítear na sócmhainní mar seo a leanas: seodra, maoin, feithiclí agus airgead/airgeadas.

Cuid a Trí
Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005


Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 2(1) ina leith Miondealú sócmhainní de réir cineál sócmhainne



calcadh faoi Alt 2 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013, bliain inar calcadh sócmhainní dar luach €2,821,305.

Mar sin, cé go raibh laghdú de shé shócmhainn is fiche ann i líon na sócmhainní a urghabhadh faoi Alt 2 den Acht um FC i gcomparáid leis an líon sa bhliain 2013, is amhlaidh go raibh méadú suntasach de thart ar 140% ann i luach na sócmhainní a calcadh sa tréimhse.

Luach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2



Miondealú Luachála

B'ionann luach an dá shócmhainn is fiche a calcadh faoi Alt 2 den Acht um FC le linn na bliana 2014 agus €6,760,182. Is féidir an figiúr sin a mhiondealú sa tábla thíos.

Anailís ar Orduithe faoi Alt 2 de réir cineál sócmhainne

Cur Síos	€
Réadmhaoin	447,000
Seodra	17,000
Feithiclí	76,500
Airgead/Airgeadas	6,219,682
Iomlán	6,760,182

Dá réir sin, bhí méadú suntasach ann i luach na gcásanna ar cuireadh tús leo sa bhliain 2014 i gcomparáid le luach na gcásanna ar cuireadh tús leo sa bhliain 2013. Mar an gcéanna, tháinig méadú suntasach ar mheánluach na sócmhainní a calcadh faoi Alt 2 sa bhliain i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2013. Bhí an méadú sin le brath go háirithe i gcás sócmhainní airgid/airgeadais.

I gcás na bhfigiúirí a bhaineann le maoin, le seodra agus le feithiclí, tá siad bunaithe ar an luach réamh-mheasta a chur an Biúró ar an tsócmhainn nuair a bhí iarratas á dhéanamh aige faoi Alt 2(1) den Acht um FC.

Léirítear sna torthaí don bhliain 2014 gur tháinig méadú ar luach na sócmhainní a

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

Miondealú Geografach

Is é sainchúram an Bhiúró ná fáltais ó chásanna coireachta a imscrúdú beag beann ar láthair na sócmhainní sin.

Le linn na bliana 2014, fuair an Biúró orduithe a bhain le sócmhainní arbh fháltais ó choireacht iad i ngach ceann de na mórcheantair uirbeacha, i bpobail tuaithe agus i ndlínsí eachtracha.

Go háirithe, chuir an Biúró tús le cásanna a bhaineann le sócmhainní a saothraíodh de bharr éilliú eachtrach agus atá lonnaithe sa dlínse seo. Aistríodh na sócmhainní airgeadais lena mbaineann go hÉirinn d'fhonn bunús agus fíorchineál na gcistí a sciúradh agus a cheilt.


Tá rún daingean ag an mBiúró go fóill díriú go gníomhach, agus a mhéid is féidir faoin Acht um FC, ar shócmhainní is fáltais ó iompar coiriúil, is cuma cén áit a bhfuil siad suite.

Súil siar ar Alt 3

Déantar Orduithe Alt 3(1) ag deireadh na héisteachta ar cé acu is fáltas ó iompar coiriúil í sócmhainn nó nach ea. Mar sin, níl aon neart ag an mBiúró ar dháta ná ar ré na héisteachta ar an ábhar.


Le linn na bliana 2014, bhí orduithe Alt 3(1) i bhfeidhm i naoi gcás a bhí os comhair na hArd-Chúirte, agus luach iomlán €1,563,841.75 ag baint leo.

Líon na gcásanna ina ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith



Bhí méadú beag ann i líon na sócmhainní a ndearna an Ard-Chúirt orduithe faoi Alt 3(1) ina leith, agus an líon sin ag titim ó thrí shócmhainn is tríocha sa bhliain 2013 go tríocha sócmhainn sa bhliain 2014.

Sócmhainní a ndearnadh Orduithe Alt 3(1) ina leith



Foráiltear in Alt 3(3) den Acht um FC go bhféadfar iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ordú a athrú nó a urscaoileadh i gcásanna ina bhfuil ordú Alt 3(1) i bhfeidhm. Féadfaidh an Freagróir i gcás arna thionscnamh ag an mBiúró, féadfaidh aon duine eile a éilíonn úinéireacht a bheith aige ar an maoin, an t-iarratas sin a dhéanamh. Cé go bpléitear in Alt 3(3) go príomha le hiarratas a bheith á thabhairt ag

Freagróir i gcás, foráiltear ann freisin go bhféadfaidh íospartaigh choireachta iarratas a dhéanamh ar fhilleadh na maoin atá calctha ar an gcoinníoll gur féidir leo leas dílseánaigh a thaispeáint sa mhaoin sin.

Sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2012, leagtar amach mionsonraí faoi iarratas a rinne íospartaigh faoi Alt 3(3). Ní dhearnadh aon éileamh rathúil den sórt sin sa bhliain 2013 ná sa bhliain 2014.

Mar sin féin, rinne an Ard-Chúirt ordú amháin dar luach €2,000 i bhfabhar máthar le leanbh de chuid Freagróra éagtha. An chuid eile den airgead sa chás sin, arbh fhiú thart ar €39,000 é, bhí sé faoi réir ordaithe i bhfabhar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Alt 4 den Acht.

Maoin

Rinneadh tagairt i dtuarascálacha roimhe seo don tionchar a imríonn luachanna maoin atá ag titim ar mhaoin is fáltais ó choireacht a dhiúscairt. Níor tháinig aon athrú ar an scéal sin le linn na bliana 2014.

Mar gheall ar na haidhmeanna agus ar na cuspóirí reachtúla atá aige, tá sé de dhualgas ar an mBiúró gníomh cuí a ghlacadh chun cosc a chur ar dhaoine a bhíonn páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach tairbhe a bhaint as coireacht den sórt sin.

I gcásanna ina léirítear gur fáltais ó iompar coiriúil atá sa mhaoin, áirítear leis

an bhforáil reachtúil trína bhféadfar úsáid na maoin sin a dhiúltú do dhuine a bhaineann tairbhe as na fáltais sin, áirítear léi gur cheart an mhaoin a dhídhílsiú ón duine.

Is é is aidhm don bheartas sin a chinntiú nach mbeidh daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach in ann fanacht sa réadmhaoin agus, ar an mbealach sin, nach mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as na fáltais ó choireacht.

Is é is aidhm don bheartas sin a chinntiú nach mbeidh daoine atá páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach in ann fanacht sa réadmhaoin agus, ar an mbealach sin, nach mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as na fáltais ó choireacht.

Feithiclí

Leanann an Biúró le tabhairt faoi deara an spéis i bhfeithiclí ardluacha a bhíonn acu siúd a ghlacann páirt i gcoireacht eagraithe thromchúiseach. Mar sin féin, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí sa raon láir le linn na bliana 2014. Rinneadh amhlaidh, i bpáirt, chun freagairt do ghníomhartha a bhí á ndéanamh ag daoine a bhí páirteach in iompar coiriúil feithiclí lena mbaineann luach níos ísle a cheannach d'fhonn brath a sheachaint.

Bhí siad seo a leanas i measc na gcineálacha feithiclí a d'urghabh an Biúró faoi Alt 2(1) den Acht um FC le linn na bliana 2014:

1. BMW M5

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

2. BMW 535
3. Nissan Skyline
4. Gluaisrothar Honda Fireblade
5. Citroen C5 Estate
6. Isuzu Trooper
7. Ford Transit
8. Toyota Avensis

Is fiú cás amháin – an Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Donal Ryan – a lua anseo mar shampla den dóigh a ndéantar mótarfheithicilí a urghabháil agus a dhiúscairt. Sa chás sin, rinne Glacadóir arna cheapadh ag an gCúirt roinnt feithicilí a dhíol agus na cistí ó na díolacháin sin a úsáid de bhun Alt 6 den Acht um FC (faigh tuilleadh sonraí thíos) chun íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a d'éiligh an Freagróir agus a pháirtneir a aisíoc. D'eascair roinnt buntáistí as a bheith ag déileáil le hábhair ar an mbealach sin.



Mar shampla, bhíothas in ann próiseas dlíthiúil malartach faoi Alt 3 den Acht um FC a sheachaint, próiseas a dtabhófaí tuilleadh costas dlíthiúil mar chuid de, agus cuireadh na cistí a baineadh amach

ar aghaidh chuig an Stáchtiste roimh dhul in éag na tréimhse reachtúla seacht mbliana faoi Alt 3 den Acht um FC.

Faoi Alt 3(1) den Acht um FC, fuair an Biúró orduithe in aghaidh trí fheithicil, ba iad sin:

1. Ford Focus;
2. Range Rover; agus
3. Toyota Avensis.

Alt 4(1) agus 4A

Foráiltear in Alt 4(1) do mhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an tAlt sin le sócmhainní atá measta, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, a bheith mar thoradh ar iompar coiriúil agus nach bhfuil aon éileamh bailí faoi Alt 3(3) den Acht um FC déanta ina leith. Foráiltear in Alt 4A go bhféadfaidh an Freagróir i gcás de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla ordú toilithe diúscairthe a dhéanamh, rud lena gceadófar aistriú na maoin chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtréimhse atá níos lú ná seacht mbliana. Tugadh é sin isteach in Acht um FC 2005.

Tugadh trí chás chun críche ina n-iomláine agus tugadh cás amháin (lenar bhain roinnt Freagróirí) chun críche i bpáirt faoi Alt 4(1) agus faoi Alt 4A sa bhliain 2014.

Le linn na bliana 2014, aistríodh €467,152.37 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um FC de bharr dhiúscairtí Alt

4(1) agus Alt 4A. Is ísle i bhfad an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2013 agus is gá an laghdú sin a mhíniú anseo dá bharr.

Den chuid is mó, is féidir an méid sin a chur i leith dhá thoisic. Is iad sin, na leasuithe a tugadh isteach san Acht um FC agus an ceanglas atá ann maidir le moratóir seacht mbliana a chur i bhfeidhm i ndáil le maoin atá faoi réir an Achta um FC a dhiúscairt. Tugadh orduithe toilithe diúscairthe Alt 4A isteach san Acht um FC. A bhuí leis na horduithe sin, agus le dul in éag na tréimhse reachtúla calctha seacht mbliana, bhíothas in ann méid suntasach oibre a dhéanamh idir na blianta 2006 agus 2013. Dá réir sin, b'ionann na ceithre chás a tugadh chun críche sa bhliain 2014 agus na cásanna sin nach rabhthas in ann toiliú a fháil ina leith faoi Alt 4A, rud a ghiorraigh an tréimhse reachtúil seacht mbliana.

Mar an gcéanna, bíonn gá ann ina lán cásanna ina réitítear imeachtaí le méideanna socraíochta a chionroinnt chun freastal ar íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a éilíodh go míchuí nó ar Dhliteanais Chánach gan íoc. Cé go gcuirtear iad ar aghaidh ina n-iomláine chuig cistí Státchiste, déileáiltear ar leithligh leis na cistí a chionroinntear ar an mbealach sin chun críocha taifeadta agus laghdaítear na méideanna a ghabhtar faoi Alt 4(1) nó faoi Alt 4A dá bharr sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ngabhann imeachtaí costasacha Ard-Chúirte le gníomh den sórt sin, agus iad ag cruthú costais dhlíthiúla don Bhiúro agus ag cruthú costas don Stát i bhfoirm íocaíochtaí faoin scéim um Chúnadh Dlíthiúil.

Miondealú ar Alt 4(1) agus ar Alt 4A

Cineál	Líon na gCásanna	Méid
Alt 4(1)	3	€460,222.37
Alt 4A	1	€6,930.00
Iomlán	4	€467,152.37

Alt 6

Foráiltear in Alt 6 go bhféadfaidh an chúirt, le linn na tréimhse ina bhfuil ordú Alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm, ordú a dhéanamh an t-ordú a athrú ar mhaithe leis an bhFreagróir nó le haon pháirtí eile a chumasú:

- caiteachais mhaireachtála réasúnacha nó caiteachais réasúnta eile a urscaoileadh; nó
- gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile lena mbaineann aon chuid den mhaoin a sheoladh.

Le linn na bliana 2014, rinneadh dhá ordú den sórt sin lena ndearnadh difear d'ocht sócmhainn dhifriúla dar luach iomlán €43,812.45 in dhá chás dhifriúla a bhain le beirt Fhreagróirí difriúla.

I gcomparáid leis sin, rinneadh dhá ordú den sórt sin sa bhliain 2013, lena ndearnadh difear do thrí shócmhainn dhifriúla dar luach iomlán €178,187.94 i dtrí chás dhifriúla a bhain le naonúr Freagróirí difriúla.

Faoi mar a leagadh amach ní ba luaithe, ba chun sochair na Roinne Coimirce Sóisialaí a cuireadh an t-airgead sa chás An Biúro um Shócmhainní Coiriúla v. Donal Ryan, airgead a bhain le híocaíochtaí a éilíodh go míchuí.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

Sa dara cás, rinneadh íocaíocht €5,000 i dtaca le táillí dlíthiúla agus CBL. Sa chás céanna, rinneadh ordú toilithe in aghaidh an Fhreagróra faoi Alt 3 agus faoi Alt 4A, rud lenar aistríodh suim €94,850 chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Alt 7

Foráiltear in Alt 7 go bhféadfaidh an Chúirt Glacadóir a cheapadh, a n-áirítear leis na dualgais atá air luach na maoine a chaomhnú nó an mhaoin a dhiúscairt sa chás go bhfuil an mhaoin sin calctha cheana féin faoi Orduithe Alt 2 nó Alt 3.

Sa bhliain 2014, fuair an Biúro orduithe glacadóireachta i ndáil le naoi sócmhainn is tríocha. Ba é Oifigeach Dlí an Bhiúro an Glacadóir a cheap an Chúirt i ngach cás. Ba é a bhí i gceist leis na cásanna sin ná réadmhaoin, airgead, airgead i gcuntais bhainc, mótarfheithicilí agus uaireadóir. I roinnt cásanna glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe le haghaidh sealbhú agus díol ag an nGlacadóir. Ní fhéadfar ordú glacadóireachta a dhéanamh ach amháin sa chás go bhfuil ordú Alt 2 nó ordú Alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Cuid a Trí
Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht, 1996 agus 2005

Ráiteas faoi Chuntais Ghlacadóireachta

	Méid €	STG£	US\$
larmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2014	5,071,992.76	283,573.92	649,226.73
Méideanna a réadaíodh, agus ús agus airleacain oibriúcháin ar áireamh iontu	2,363,129.21	64.26	6,278,511.40
Íocaíochtaí amach, agus íocaíochtaí leis an Státchiste agus caiteachas glacadóireachta oibriúcháin ar áireamh iontu	753,165.09	1.19	229.26
larmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2014	6,681,956.88	283,636.99	6,927,508.87



Cuid a Ceathair

Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Forbheathnú

Is é an ról atá ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró a bhfuil baint acu leis an mBiúró ná dualgais a chomhlíonadh de réir na nAchtanna agus na Rialachán Ioncaim go léir chun a chinntiú gur faoi réir cánach atá na fáiltais ó choireacht nó ó choireacht amhrasta. Is é atá i gceist leis sin an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú ó ghníomhaireachtaí de chuid an Bhiúró agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is é an reachtaíocht phríomhúil a úsáidtear ina leith sin an tAcht um Nochtadh Faisnéise Áirithe chun críocha Cánach agus Eile, 1996.

Feidhmeanna Cánach

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna cánach ar cuireadh tús leo roimh an mbliain 2014. Tugtar mionsonraí ar stádas reatha na gcásanna ar cuireadh tús leo le linn na bliana 2014 freisin.

Measúnuithe Cánach

Tugtar de chumhacht d'Oifigigh Ioncaim an Bhiúró measúnuithe a dhéanamh i leith cánach faoi Alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (dá ngairtear ACC 1997 anseo feasta) - an chuid a bhaineann le muirir.

Mar chuid de gach imscrúdú an Bhiúró, déanfaidh Oifigeach Ioncaim an Bhiúró imscrúdú ar staid chánach gach duine atá nasctha leis an imscrúdú d'fhonn dliteanas cánach na ndaoine sin a mheasúnú, nuair is cuí. Ní ionann méid agus castacht do gach imscrúdú.

Le linn na bliana 2014, rinneadh measúnú ar thriúr is tríocha san iomlán i leith cánach, rud as ar tháinig figiúr €9.046m san iomlán faoi na cineálacha cánach éagsúla.

Achomhairc Chánach

Déanann Oifigigh Ioncaim an Bhiúró bainistiú ar achomhairc chánach freisin, agus iad ag cinntiú go gcuirtear an próiseas achomhairc chun feidhme ina iomláine de réir na nAchtanna Ioncaim agus na Nósanna Imeachta agus Rialachán is infheidhme i leith cásanna den sórt sin. Baineann an méid sin le gach cineál achomhairc dá bhforáiltear, lena n-áirítear achomhairc os comhair Coimisinéir Achomhairc, na Cúirte Cuarda agus na hArd-Chúirte i bhfoirm cáis shonraithe.

De réir Alt 933(1)(a) de ACC 1997, beidh aon duine a bhfuil measúnú i leith cánach á dhéanamh air, faoi réir ceanglais shonracha, i dteideal achomhairc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Achomhairc maidir le haon mheasúnú den sórt sin.

Sa chás nach n-agraítear achomhairc i gceart, diúltófar don iarratas ar a leithéid achomhairc de réir Alt 933(1)(b) de ACC 1997. Sa chás gur diúltaíodh d'iarratas, féadfaidh an t-achomhairc an diúltú sin a achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997.

Achomhairc chuig na Coimisinéirí Achomhairc

Le linn na bliana 2014, diúltaíodh

Cuid a Ceathair Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

d'iarratas ar achomharc chuig na Coimisinéirí Achomhairc i dtaca le haon Mheasúnú Cánach loncaim is fiche, a bhain le cúigear, agus i dtaca le dhá Mheasúnú Cánach Gnóthachan Caipitiúil, a bhain le duine aonair amháin.

Cás 1: Diúltaíodh don achomharc in aghaidh ceithre Mheasúnú Cánach loncaim faoi Alt 933(1) (b) de ACC 1997 ar an bhforas nár íocadh an cháin de bhun fhorálacha Alt 957(2)(a)(II) de ACC 1997.

Cás 2: Sa chás seo, diúltaíodh achomharc in aghaidh trí Mheasúnú Cánach loncaim agus dhá Mheasúnú Cánach Gnóthachan Caipitiúil ar an bhforas nár comhlíonadh Alt 957(2)(a)(i) de ACC 1997 i.e. mainneachtain tuairisceáin chánach a chomhdú.

Cás 3: 3: Diúltaíodh achomharc in aghaidh ceithre Mheasúnú Cánach loncaim ar an bhforas nár comhlíonadh Alt 957(2)(II) i.e. cáin a íoc de bhun measúnú ar na tuairisceáin a soláthraíodh.

I gcás trí cinn de na measúnuithe sin, rinneadh achomharc in aghaidh an diúltaithe ón gCigire chuig na Coimisinéirí Achomhairc de réir Alt 933(1) (c) de ACC 1997.

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhíodhas ag

fanacht le dáta d'éisteacht an achomhairc sin.

Cás 4: Diúltaíodh d'achomharc in aghaidh trí Mheasúnú Cánach loncaim ar an bhforas nár comhlíonadh Alt 957(2) ná Alt 957(4) de ACC 1997.

Cás 5: Sa chás seo, diúltaíodh d'achomharc in aghaidh Measúnuithe Cánach loncaim do sheacht mbliana ar an bhforas nár comhlíonadh Alt 957(2)(a)(i) de ACC 1997.

Rinneadh an diúltú sin laistigh de chúig lá dhéag ó dheireadh na bliana. De réir Alt 933(1)(c) de ACC 1997, féadfar achomharc in aghaidh an diúltaithe sin a dhéanamh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc laistigh de chúig lá dhéag ó dháta an diúltaithe.

Ní raibh an tréimhse cúig lá dhéag sin thart amhail an 31 Nollaig 2014 agus, dá bhrí sin, bhí sé fós ar oscailt don duine achomharc in aghaidh an diúltaithe ón gCigire a dhéanamh.

Ag tús na bliana, bhí achomharc os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc ar feitheamh i dtaca le naoi gcás. Bhí dhá cheann de na hachomhairc sin liostaithe lena n-éisteacht ag an gCoimisinéir le linn na bliana 2014. Tarraingíodh achomhairc siar i dtaca le trí chás.

Ba iad seo a leanas na torthaí ar na hachomhairc a éisteadh:

Achomharc 1: Achomharc in aghaidh measúnú máil ón gCigire ba ea an t-achomharc seo. Rinneadh ionadaíocht don chuideachta ag an éisteacht.

Tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an gcás a rinneadh thar ceann na cuideachta, sheas an Coimisinéir leis an measúnú.

Achomharc 2: Bhain an t-achomharc sa chás seo le diúltú ón gCigire Ceadúnas do Thrádálaí Breosla do Ghluaisteáin agus Ceadúnas do Thrádálaí Breosla Mharcáilte a dheonú do chuideachta.

Toisc nach raibh an tAchomharcóir i láthair ag an éisteacht, agus nach ndearnadh ionadaíocht dó ag an éisteacht ach oiread, sheas an Coimisinéir leis an diúltú.

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhíothas ag fanacht le dáta éisteachta i dtaca leis na ceithre achomharc eile.

Le linn na bliana 2014, rinneadh achomhairc in aghaidh deich gcás a

ghairm i gceart. Bhain na cásanna sin le cúig Mheasúnú Cánach Ioncaim is caoga, le measúnú Cánach Gnóthachan Caipitiúil amháin agus le measúnú Cánach Breisluacha amháin.

Le linn na bliana, bhí dhá cheann de na cásanna sin liostaithe lena n-éisteacht ag na Coimisinéirí Achomhairc. Amhail an 31 Nollaig 2014, bhíothas ag feitheamh le dáta éisteachta do na hocht n-achomharc eile.

Ba iad seo a leanas na torthaí ar an dá achomharc a bhí liostaithe lena n-éisteacht.

Achomharc A: Bhain sé seo le hachomharc in aghaidh Measúnuithe Cánach Ioncaim ón gCigire do dhá bhliain.

Ní raibh an tAchomharcóir i láthair ag an éisteacht ach rinneadh ionadaíocht dó. Níor cuireadh aon fhianaise i láthair agus, tar éis dul i mbun plé leis an gCoimisinéir Achomhairc, seasadh leis na measúnuithe.

Achomharc B: Sa chás seo, bhain an t-achomharc le measúnuithe Cánach Ioncaim do chúig bliana ón gCigire.

Toisc nach raibh an tAchomharcóir i láthair ag an éisteacht, agus

Cuid a Ceathair Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

nach ndearnadh ionadaíocht dó ag an éisteacht ach oiread, sheas an Coimisinéir leis na measúnuithe.

- Imeachtaí Ard-Chúirte – Alt 960(l) de ACC 1997.

Éilimh

Le linn na bliana 2014, b'ionann agus €10.866m éilimh chánach (ús ar áireamh) a seirbheáladh i leith ceathrar is daichead de réir Alt 961 de ACC 1997.

Achomhairc chuig an gCúirt Chuarda

Ag tús na bliana, bhí cás amháin ag fanacht lena éisteacht os comhair na Cúirte Cuarda. Fuarthas dáta don éisteacht ach tarraingíodh an t-chomharc siar roimh an dáta sin.

B'ionann agus €3.017m an cháin iomlán a d'aisghabh an Biúró ó chúig cinn is caoga de dhaoine aonair agus d'aonáin le linn na bliana 2014. Áirítear leis an bhfigiúr sin suim €0.553m a bailíodh trí astuithe tuillimh a úsáid i dtrí chás déag de bhun Alt 1002 de ACC 1997.

Achomharc A (thuas), inar seasadh an Coimisinéir leis an gcinneadh, achomharcadh é go tráthúil chuig an gCúirt Chuarda le linn na bliana 2014. Amhail an 31 Nollaig 2014, bhíothas ag fanacht le dáta don éisteacht sin.

Tionscnaíodh imeachtaí Ard-Chúirte i seacht gcás déag chun cáin agus ioncam dar luach €11.453m a aisghabháil.

Bailiúcháin

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró gach gníomh is gá a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú, faoi mar a measúnaíodh iad agus mar atá cinntitheach. Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Ioncaim an Bhiúró agus bainfidh siad leas as gach modh is féidir chun fiachais chánach a shaothrú. Tá na nithe seo a leanas i measc na modhanna atá ann chun maoin a bhailiú:

- éilimh a eisiúint – Alt 961 de ACC 1997;
- cumhacht astaithe – Alt 1002 de ACC 1997;
- Gníomh sirriam – Alt 960(L) de ACC 1997; agus

Tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Chuarda i dtaca le sé chás dar luach €0.328m san iomlán.

Saothraíodh íocaíocht i dtrí cinn de na cásanna sin trí Alt 960(L) de ACC 1997 (Cumhachtaí Sirriam) a fheidhmiú.

Feidhmeanna Custam agus Máil

Tacaíonn na feidhmeanna Custam agus Máil (C&M) sa Bhiúró le gach imscrúdú d'fhonn aon cheisteanna a bhaineann le Custaim a aithint agus d'fhonn reachtaíocht, rialacha, rialacháin, faisnéis agus/nó eolas a bhaineann le Custam agus Mál a úsáid ar bhealach cuí.

Cuid a Ceathair Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Go traidisiúnta, déanann grúpaí coireachta tromchúisí agus eagraithe i mbeagnach gach dlínse iarracht rialacháin chustam agus rialacháin mháil araon a shárú d'fhonn brabús suntasach a dhéanamh, agus cistí an státchiste á laghdú acu agus ról diúltach á imirt acu ar an tsochaí i gcoitinne ag an am céanna.

Déantar amhlaidh in Éirinn, áit a dtugann an teorainn le dlínse eile ina bhfuil rátaí éagsúla cánach ar tháirgí éagsúla dreasacht do ghrúpaí coireachta eagraithe tromchúisí dul i mbun gníomhaíochtaí smuigleála agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Cailleann an státchiste méid mór airgid agus baineann na grúpaí coireachta gnóthachan suntasach mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin.

Mar shampla, is fianaise ar a leithéid iompair choiriúil í an trádáil neamhdhleathach a bhaineann le holaí mianracha, lena n-áirítear sciúradh táirgí marcáilte agus an treocht atá ag teacht chun cinn trína ndíoltar díosal sciúrtha trí stáisiúin pheitрил. Tá ról gníomhach glactha ag an mBiúró maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais chun olaí mianra a dhíol, maidir le ceadúnais den sórt sin a dheonú agus maidir le diúltú dóibh. Lean an Biúró ar aghaidh le diúltú do cheadúnais den sórt sin sa bhliain 2014 mar mhodh chun cur isteach ar ghníomhaíocht choiriúil.

Chun comhrac in aghaidh dronga coireachta eagraithe a oibríonn trasna teorainneacha, is gá comhoibriú a bheith ann idir na húdaráis inniúla ar an dá

thaobh den teorainn. Ní bhaineann comhoibriú den sórt sin le heolas agus le faisnéis a chomhroinnt le chéile amháin, ach is é atá i gceist leis freisin comhoibriúcháil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar bhonn ilghníomhaireachta idirnáisiúnta agus ar bhonn ildisciplíneach.

I gcásanna den sórt sin, is féidir leas a bhaint as na huirlisí uile a bhaineann le cúnaimh frithpháirteach, bíodh siad idir an dá údarás custam nó idir an dá fhórsa póilíneachta, agus baintear leas as na huirlisí sin i ndáiríre.

Cuirtear feabhas ar a éifeachtaí atá an gníomh chun smuigleálaithe a dhíspreagadh trí chomhoibriú agus trí chomhroinnt faisnéise/eolais idir an Biúró agus Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim agus seirbhísí eile idirnáisiúnta custam.

Tugtar tuilleadh sonraí i gCaibidil 6 den tuarascáil seo ar an gcomhoibriú sin agus ar an ngné idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí an Bhiúró.

Sa dlínse seo, dhírigh an Biúró go rathúil ar dhronga coiriúla den sórt sin agus leanann sé le déanamh amhlaidh.

Sampla amháin den obair sin is ea an fhaisnéis a bhíonn á comhroinnt ag an mBiúró le Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim. Le linn na bliana 2014, thionscain an Biúró comhoibriúcháil trínar urghabh an tSeirbhís Chustaim roinnt feithiclí sóchais ardluacha. Fuarthas amach go raibh

Cuid a Ceathair Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

sealbhú na bhfeithiclí sin contrártha do rialacháin Chánach Cláraithe Feithicle, rud a d'fhág go raibh na feithiclí faoi dhliteanas i leith forghéillte (Alt 141, an tAcht Airgeadais 2001). Na cineálacha feithiclí a bhí i gceist, a raibh gach ceann díobh nasctha le targaidí coiriúla an Bhiúró, bhí luachanna aonair suas le €180,000 orthu.

Tapáíonn an fhoireann Chustam a bhfuil baint aici leis an mBiúró gach deis chun nascadh agus obair go dlúth lena comhghleacaithe Custam in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le leas a bhaint as na deiseanna imscrúdaitheacha eile agus ar mhaithe le hacmhainní an Stáit a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de chun dul i ngleic le coirpigh.

Táblaí ioncaim

Toradh na nAchomharc ar dhiúltaigh an Biúró dóibh

Cur Síos	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	1
Achomhairc a diúltaíodh dóibh	5
Diúltuithe a achomharcadh chuig an gCoimisinéir	1
Sheas an Coimisinéir Achomhairc le cinneadh an Bhiúró	-
Achomhairc Dheiridh	2

Toradh na nAchomharc ag Céim an Choimisinéara Achomhairc

Cur Síos	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	9
Achomhairc a agraíodh i gceart	10
Achomhairc a chinn an Coimisinéir Achomhairc	2
Ní raibh an t-achomharcóir i láthair ag an éisteacht	2
Achomhairc a tarraingíodh siar	3
Achomhairc Dheiridh	12

Torthaí na nAchomharc chuig an gCúirt Chuarda

Cur Síos	Líon na gCásanna
Achomhairc Thosaigh	1
Cásanna a achomharcadh chuig an gCúirt Chuarda	1
Achomhairc a chinn an Chúirt Chuarda	-
Achomhairc a tarraingíodh siar	1
Achomhairc Dheiridh	1

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Measúnuithe Cánach

Cineál cánach	Cáin €M	Líon na measúnuithe
Cáin Ioncaim	7.096	163
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.352	6
Cáin Bhreisluacha	1.598	6
Iomlán	9.046	175

Cáin agus Ús a éilíodh

Cineál cánach	Cáin €M	Ús €M	Iomlán €M	Líon na gCásanna
Cáin Ioncaim	3.425	2.045	5.470	25
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.137	0.070	0.207	3
Cáin Bhreisluacha	3.088	0.883	3.971	5
Mál	4.216	0.611	4.827	1
Iomlán	10.866	3.609	14.475	34

Tax and Interest Collected

Cineál cánach	Méid €	Líon na gCásanna
Cáin Ioncaim	2.684	49
Cáin Chorpáraide	0.092	1
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	0.142	3
Mál	0.079	1
Cáin Cláraithe Feithicle (CCF)	0.020	1
Iomlán	3.017	55

Cuid a Ceathair
Gníomhartha ioncaim ag an mBiúró

Airgead tirim a d'urghabh an Biúró



Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Forbhreathnú

Téann an Biúró i mbun gníomhaíochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh, de bhun na bhfeidhmeanna atá aige faoi Alt 5 den Acht. Déanann Oifig Leasa Shóisialaigh an Bhiúró teidlíocht i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh. Ag eascairt as scrúdú a rinne Oifig an Bhiúró ar chásanna, tionscnaíodh gníomhartha de bhun shainchúram Leasa Shóisialaigh an Bhiúró i dtaca le seisear is ochtó sa bhliain 2014.

Coigilteas

Mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne Oifig Leasa Shóisialaigh an Bhiúró sa bhliain 2014, cuireadh deireadh le hiocaíochtaí nó laghdaíodh íocaíochtaí i gcás líon suntasach daoine. Is é an toradh a bhí ar na gníomhartha sin ná coigilteas iomlán €190,190 don Státchiste. Is iad seo a leanas na ceannteidil éagsúla faoinar baineadh an coigilteas sin amach:

Coigilteas Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Coigilteas €
Liúntas míchumais	31,647
Liúntas cuardaitheora poist	76,709
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	71,889
Bunliúntas leasa forlíontach	9,945
Iomlán	190,190

Le Bunliúntas Leasa Shóisialaigh (ar a dtugtar BASI de ghnáth), soláthraítear bunliúntas seachtainiúil do dhaoine incháilithe atá ar bheagán ioncain agus do dhaoine incháilithe gan dídean.

Ró-íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí agus daoine a aithint agus a mheasúnú mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh freisin. Sainmhínítear ró-íocaíocht mar íocaíocht a fuair duine le linn tréimhse nó tréimhsí nach raibh an duine sin i dteideal an íocaíocht sin a fháil inti nó iontu. Dá réir sin, cruthaíonn íocaíochtaí a fhaightear i leith éilimh fiachas don Roinn Coimirce Sóisialaí. Mar thoradh air sin, eisíodh éilimh in aghaidh roinnt daoine le haghaidh aisíocaíocht fiachas Leasa Shóisialaigh a raibh luachanna idir €2,100 agus €130,648 ag baint leo. Is iad seo a leanas méideanna iomlána na Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh a Measúnaíodh agus a Éilíodh sa bhliain 2014;

Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Cineál scéime	Over-payment €
Sochar linbh	2,100
Liúntas míchumais	275,998
Liúntas cuardaitheora poist	655,641
Íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	100,816
Bunliúntas leasa forlíontach	3,031
Iomlán	1,037,586

Aisghabhálacha

Baineann an Biúró leas as roinnt modhanna chun fiachais Leasa Shóisialaigh a aisghabháil ó dhaoine.

I measc na modhanna sin, is féidir íocaíochtaí a dhéanamh trí chnapshuim agus/nó trí thráthchodanna i bhfoirm buanordaithe. Is féidir asbhaintí de suas le 15% d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh reatha an duine a dhéanamh chun fiachais a aisghabháil. Is foráil nua maidir

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

le haisghabháil fiachais í sin agus achtaíodh í le hAlt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh 2012.

Foráiltear don chumhacht reachtach nua sin in Alt 15 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

Leas Sóisialach a Aisghabhadh

Cineál scéime	Méid a Aisghabhadh €
Liúntas cúramóra	3,900
Liúntas míchumais	140,819
Liúntas cuardaitheora	130,331
poist	
íocaíocht teaghlaigh aon tuismitheora	58,781
Sochar Linbh	2,080
Iomlán	335,911

Achomhairc

Tá gníomhaireacht neamhspleách ann, ar a dtugtar an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh (OALS), a chuireann seirbhís ar fáil do dhaoine nach bhfuil sásta le cinntí ó Oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí ar cheisteanna a bhaineann leis an teidlíocht atá acu i leith íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh. Tá an ghníomhaireacht sin faoi cheannas ag Príomh-Oifigeach Achomhairc.

Sa bhliain 2014, tionscnaíodh dhá achomharc in aghaidh cinntí ó Oifigigh Leasa Shóisialaigh a raibh baint acu leis an mBiúró.

Dheimhnigh an Príomh-Oifigeach Achomhairc nach raibh an gnáthnós imeachta achomhairc leordhóthanach

chun próiseáil éifeachtach na n-achomharc sin a chinntiú agus mhol sé do na hachomharcóirí na hachomhairc a chur faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta.

Ba faoi bhráid na Cúirte Cuarda Sibhialta a cuireadh an dá achomharc a tionscnaíodh sa bhliain 2014. D'éist an chúirt ceann amháin de na cásanna, áit ar seasadh leis an gcinneadh ón Oifigeach Breithiúnachta. Táthar ag fanacht le dáta éisteachta don chás eile.

Le linn na bliana 2014, d'éist an Chúirt Chuarda sé achomharc a tugadh anonn ó bhlianta roimhe. Tarraingíodh dhá chás siar os comhair na Cúirte Cuarda. Sheas an chúirt leis an gcinneadh ón Oifigeach Breithiúnachta i gceithre chás. Achomharc eile a bhí liostaithe dá éisteacht, tharraing an t-achomharcóir siar é agus réitíodh an t-ábhar roimh an éisteacht.

I gcás na n-achomharc ar thug an Chúirt Chuarda chun críche iad, cuireadh cás amháin faoi bhráid na hArd-Chúirte le haghaidh imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. Rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar na n-achomharcóirí agus leagadh an t-ábhar ar an gCúirt Chuarda arís lena athéisteacht.

Táthar ag fanacht le cinneadh deiridh ón gcúirt ar achomharc stairiúil amháin (ón mbliain 2010).

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhíothas ag fanacht le cinneadh deiridh ón gCúirt Chuarda ar thrí achomharc san iomlán.

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

Réamhrá

Mar thoradh ar imscrúduithe a rinne an Biúró de bhun an tsainchúraim reachtúil atá air, thángthas ar fhianaise ar shárúithe amhrasta cionta coiriúla. Mar thoradh air sin, gabhadh roinnt daoine agus ullmhaíodh comhaid inar lorgaíodh orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (dá ngairtear "SIP" anseo feasta) agus tháinig roinnt ionchúisimh choiriúla chun cinn.

Bhí na cionta amhrasta a aithníodh contrártha d'Ailt faoi na hAchtanna seo a leanas:

- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001;
- An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2001; agus
- An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005;

Réitíodh roinnt cásanna ó bhlianta roimhe le linn na bliana 2014.

Is é seo a leanas an fhaisnéis is déanaí ar na cásanna ar cuireadh tús leo roimh an mbliain 2014.

Cionta a bhain le cáin

Cás 1

Faoi mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013, phléadail

duine amháin ciontach sa Chúirt Chuarda Choiriúil i gcionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997.

Tháinig sé os comhair na Cúirte Cuarda le linn na bliana 2014, áit ar ciontaíodh é i gceithre chion agus ar gearradh fíneáil €10,000 air.

Cuireadh na ceithre chion eile san áireamh.

Cás 2

Faoi mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013, cúisíodh duine amháin in dhá chion atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997 tar éis tuarascáil a chur faoi bhráid SIP sa bhliain 2012.

Tháinig sé os comhair na Cúirte Cuarda le linn na bliana 2014, áit ar phléadail sé ciontach sa dá chúiseamh.

Ciontaíodh é agus gearradh fíneáil €20,000 air ar gá dó í a íoc laistigh de shé mhí. I gcás go mainneodh sé an fhíneáil a íoc, chuirfí téarma príosúnachta trí mhí air.

Cás 3

Faoi mar a leagadh amach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013, i gcás duine a ciontaíodh roimhe sin i gcionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997 agus i gcion amháin atá contrártha d'Alt 13 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 - 2005, rud a bhain le heagla a chur ar Oifigeach de chuid an Bhiúró, mhainnigh sé teacht os comhair na cúirte agus eisíodh barántas chun é a ghabháil.

Cuid a Sé

Ionchúisimh choiriúla a tháinig as imscrúduithe an Bhiúró

Bhí an duine sin fós saor go neamhdhleathach le linn na bliana 2014. Agus é seo á scríobh, áfach, bhí sé gafa de bhun barántas agus tá an cás ar atráth chuig dáta sa bhliain 2015.

Cás 4

Tá cás amháin ón mbliain 2007 fós á shaothrú ag an mBiúró, rud a bhaineann le duine a cúisíodh i gcionta atá contrártha d'Alt 1078 de ACC 1997. Tá an cás sin liostaithe dá éisteacht sa Chúirt Choiriúil Speisialta sa bhliain 2015.

Cionta a bhain le Leas Sóisialach

Cás 5

Faoi mar a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013, cúisíodh duine amháin i roinnt cionta a bhain le sáruithe amhrasta ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

Tarraingíodh na cúisimh sin siar sa Chúirt Chuarda sa bhliain 2014.



Cuid a Seacht

Breithiúnais Shuntasacha Chúirte le linn 2014

Jackson Way Properties Limited v An Biúró um Shócmhainní Coiriúla

22 Eanáir 2014, [2014] IEHC 15

(An Ard-Chúirt: An Breitheamh Onórach Birmingham)

Fáltais ó choireacht - Alt 16B den Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005 - Follasú - Catagóirí - Ceist maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart catagóir a dheonú

Bhain an t-ábhar le hiarratas ar fhollasú in imeachtaí a thionscain an Gearánaí in aghaidh an Chosantóra i dtaca le hordú a rinneadh de bhun Alt 16B den Acht um FC.

Thionscain an Biúró imeachtaí in aghaidh an Ghearánaí in imeachtaí gaolmhara sa bhliain 2006. Sna himeachtaí sin, rinneadh iarratas chuig an mBreitheamh Onórach Finnegan, Uachtarán na hArd-Chúirte, agus deonaíodh ex parte é.

D'ordaigh sé gur cheart "toirmeasc a chur, de bhun Alt 16B(4) den Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, ar an gcosantóir lena mbaineann [Jackson Way Properties Limited] nó aon duine eile a fuair Fógra faoin Ordú, an mhaoín sa Sceideal a ghabhann leis seo a dhiúscairt, déileáil leis an maoín ar aon slí eile nó luach na maoine a laghdú". Ba é seo a leanas an sceideal leis an ordú:

"Na tailte i gCarraig Mhaighin, Co. Bhaile Átha Cliath, atá i bhFóilió Uimh. 4940, Co.

Bhaile Átha Cliath."

An 22 Márta 2011, d'eisigh an gearánaí na himeachtaí reatha, agus é ar lorg na nithe seo a leanas: fiosrúchán ar na damáistí a d'fhulaing sé de bhíthin an ordaithe a rinneadh an 26 Iúil 2006 de bhun Alt 3 den Acht 3 fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003; damáistí de bharr faillí agus sárú dualgais (lena n-áirítear sárú dualgais reachtúil); agus damáistí de bharr sárú ar chearta bunreachtúla.

Bhí an bunús leis an gcás ó Jackson Way Properties Limited sna himeachtaí reatha leagtha amach i mír 10 agus i mír 11 sa ráiteas éilimh:

"10. B'eol don Chosantóir, nó ba cheart gurbh eol dó, nuair a chuir sé tús leis na himeachtaí an 26 Iúil 2006 nach bhféadfadh sé aon éileamh a dhéanamh ná a choinneáil maidir le hiarmhéid na dtailte atá i bhFóilió 4940, Co. Bhaile Átha Cliath, agus nach raibh aon bhonn ann le hordú calctha a fháil de bhun Alt 16B(4) den Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, (arna chur isteach le hAlt 12 den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005) i ndáil leis na tailte sin. Mar sin féin, toisc gurbh eol don Ghearánaí go gcruthófaí cailteanas agus damáistí dó dá ndeonófaí ordú calctha i ndáil leis na tailte atá i bhFóilió 4940, Baile Átha Cliath, rinne sé iarratas éagórach ar ordú calctha i ndáil leis na tailte sin agus fuair sé é. Choinnigh sé an t-ordú sin

Cuid a Seacht
Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2014

go dtí gur athraíodh é le hordú eile ón gCúirt Onórach seo (an Breitheamh Onórach Feeney) an 4 Samhain 2010.

11. Agus Ordú de bhun Alt 16B(4) den Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, (arna chur isteach le hAlt 12 den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005) á fháil agus á choinneáil go héagórach aige, mhainnigh an Cosantóir an fheidhm atá leis a chomhlíonadh ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine."

Le linn an iarratais, chuir an Biúro éiginnteacht in iúl maidir le raon feidhme an ní a bhí á lorg. Tugadh soiléiriú dó air sin san iarratas, áit ar dheimhnigh Jackson Way Properties Limited go raibh sé ar lorg doiciméad a bhain leis an gcinneadh ordú calctha a fháil sna téarmaí ina bhfuarthas an t-ordú, agus ní doiciméid a bhain leis an gcinneadh tús a chur le himeachtaí ar an mbonn gur baineadh athchriosú na talún amach de bharr éillithe.

Tháinig an Chúirt ar an gconclúid seo a leanas:

"Sa mhéid gur maíodh go bhfuil ordú follasaithe leatromach agus go bhfuil ualach trom ag gabháil leis, glacaim leis nach mór do chúirt a bheith ar an eolas ag gach céim gur féidir le hordú follasaithe bheith am-íditheach

agus gur féidir ualach trom a bheith ag gabháil leis. Glacaim leis freisin nach bhfuil aon bhonn lena bheith den tuairim gur lú tionchar na n-argóintí sin i gcásanna ina bhfuiltear ag iarraidh ar an Stát féin, nó ar eascróg de chuid an Stáit, an t-ordú follasaithe a dhéanamh. Sa chás seo, áfach, tá an iarraidh ar ordú follasaithe teoranta do chatagóir doiciméad amháin agus is dóigh nach mbeadh ach líon réasúnta íseal doiciméad ann sa chatagóir atá i gceist. Mar gheall ar an dóchúlacht atá ann go mbeidh na doiciméid sin measartha ábhartha, feictear dom nach mbeadh sé ceart follasú a shiarchoinneáil ar an mbonn a moladh. Dá réir sin, beartaím ordú follasaithe a dhéanamh i ndáil leis an bhfógra tairisceana."

San am i láthair, tá an cás seo faoi réir achomhairc ó Jackson Way Properties Limited chuig an gCúirt Uachtarach.

**Murphy v. John Gilligan,
Geraldine Gilligan, Darren
Gilligan agus Treacy Gilligan**

9 Iúil 2014, [2014] IESC 43

**(An Chúirt Uachtarach: An Príomh-
Bhreitheamh Denham, an
Breitheamh Onórach Murrery, an
Breitheamh Onórach Clarke, an
Breitheamh Onórach MacMenamin,
an Breitheamh Onórach Dunne)**

*Fáltais ó choireacht - Achomharc -
Cúnamh dlíthiúil - Tairiscint i gcomhair
cuntasóir fóiréinseach - Fianaise nua*

Bhain an t-ábhar le hachomharc chuig an gCúirt Uachtarach in aghaidh diúltaithe ón Ard-Chúirt d'iarratas ó mhuintir Gilligan ar ordú Alt 3 faoin Acht um FC a athrú nó a urscaoileadh. Diúltaíodh don iarratas sin i mbreith ón mBreitheamh Onórach Feeney an 27 Eanáir 2011, agus é sásta gur chosúil gur ceannaíodh na maoiné lena mbaineann le fáltais ó choireacht agus nár eascair aon éigeartas as ordú Alt 3 a choinneáil i bhfeidhm.

Tionóladh éisteacht faoi Alt 4 ina dhiaidh sin. Ag ullmhú dóibh don éisteacht sin, agus d'fhonn fianaise a chur i láthair don chúirt chun an t-iarratas faoi Alt 4 a chosaint, d'iarr mhuintir Gilligan cúnamh dlíthiúil ionas go bhféadfaidís tuarascáil ó chuntasóir fóiréinseach a sholáthar agus a chur isteach ansin ar an gceist maidir le cé acu a ceannaíodh na maoiné lena mbaineann le fáltais ó choireacht nó, mar a mhaígh siad, le hairgead buaite. Rialaigh breitheamh na trialach in aghaidh mhuintir Gilligan ar an ábhar sin an 31

Bealtaine 2011, agus é den tuairim go mbeadh mí-úsáid an phróisis i gceist dá dtabharfaí deis do mhuintir Gilligan féachaint an athuair ar an gcás maidir le cé acu a tháinig an t-airgead as fáltais ó choireacht nó as cearrbhachas, cás a réitíodh ina n-aghaidh cheana féin ag an Éisteacht faoi Alt 3(3).

Ag an éisteacht faoi Alt 3(3), sholáthair an Biúró fianaise ó chuntasóir fóiréinseach. Cuireadh an cuntasóir fóiréinseach sin faoi réir croscheistithe thar ceann mhuintir Gilligan.

Bunaithe ar na fíricí, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Feeney don éileamh a rinneadh thar ceann mhuintir Gilligan gur fáltais ó chearrbhachas rathúil, agus ní fáltais ó choireacht, a bhí san airgead lena mbaineann.

Thug an chúirt faoi deara gur tugadh cúnamh dlíthiúil do gach duine de mhuintir Gilligan de bhun na Scéime Ad Hoc um Chúnamh Dlíthiúil de chuid an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Dá réir sin, ní gá don chúirt a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart cistiú a chur ar fáil. Is gá di, áfach, a cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon chuspóir dlisteanach ann le tuarascáil ó chuntasóir fóiréinseach a áirithiú ar chor ar bith. Ghlac an tAbhcóide do mhuintir Gilligan leis gurbh é an t-aon chuspóir le tuarascáil den sórt sin a áirithiú ná a iarraidh go nglacfaí leis an tuarascáil sin mar fhianaise nua le haghaidh na n-achomharc lena mbaineann.

Tháinig an chúirt ar an gconclúid gurbh é an cheist a bhí le cinneadh aici ná cé acu

Cuid a Seacht Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2014

ba cheart nó nár cheart glacadh le tuarascáil den sórt sin ó chuntasóir fóiréinseach mar fhianaise dá bhféadfaí í a sholáthar. Dá mba cheart glacadh leis an tuarascáil mar fhianaise, bheadh sé réasúnta an tuarascáil a sholáthar agus cistiú a chur ar fáil chun é sin a dhéanamh. Murar cheart glacadh leis an tuarascáil mar fhianaise, ní bheadh aon údar ann le cistiú a chur ar fáil chun an tuarascáil a chur le chéile. Thug an chúirt faoi deara na trialacha bunaithe atá ann maidir le glacadh le tuilleadh fianaise ar achomharc agus bhí sé doiligh di a thuiscint cén fáth a mbeadh tuarascáil ó chuntasóir fóiréinseach úsáideach sa chás seo.

Tháinig an Breitheamh Onórach Clarke ar an gconclúid seo a leanas don chúirt:

"... Táim den tuairim, mar sin, nach ábhartha maidir leis an achomharc in aghaidh na héisteachta faoi Alt 4 a bheadh tuarascáil ó chuntasóir fóiréinseach cosúil leis an gceann sin a rabhtas ag iarraidh go nglacfar léi mar fhianaise ar na hachomhairc seo. Ar na cúiseanna atá leagtha amach freisin, táim den tuairim nach mbeadh sé cuí ar bhealach ar bith dul i mbun dlíthíochta os comhair na cúirte seo an athair maidir le cé acu is fáltais ó choireacht nó fáltais ó chearrbhachas atá san airgead lena mbaineann bunaithe ar fhírící – a bheadh le fáil i bhfianaise nua – a bhíodhas in ann a leagan amach os comhair na hArd-Chúirte roimhe seo, agus ba cheart a leagan amach

os comhair na hArd-Chúirte ag an am sin, má bhí tábhacht ag baint leo. Mar sin, táim den tuairim nár cheart glacadh le tuarascáil den sórt sin. Dá bhrí sin, ní bheadh aon údar ann ach oiread le cistiú a chur ar fáil le haghaidh tuarascáil den sórt sin a chur le chéile. Mar sin, díbhim an tairiscint maidir leis an tuarascáil ó chuntasóir fóiréinseach."

Príomhchásanna a Luadh

- Murphy v Gilligan [2009] 2 I.R. 271
- Murphy v. G.M. [2001] 4 I.R. 113
- Murphy v. Gilligan [2011] IEHC 62
- Gilligan v. Éire, an tArd-Aighne agus an Biúro um Shócmhainní Coiriúla [2011] IEHC 465
- Maidir le Greendale Developments Ltd (Uimh. 3) [2000] 2 I.R. 514
- Murphy v An tAire Cosanta [1991] 2 I.R. 161
- Emerald Meats Ltd v. An tAire Talmhaíochta agus Daoine Eile [2012] IESC 48
- Murphy v Gilligan [2011] IEHC 464
- Lynagh v Mackin [1970] I.R. 180

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. SR agus Christopher Russell

16 Iúil 2014, Neamhthuariscithe (An
Ard-Chúirt, an Breitheamh Onórach
Birmingham)

*Fáltais ó choireacht – Áras an teaghlaigh
– Baol éigeartais thromchúisigh*

*Nóta: Le hOrdú ón Ard-Chúirt de bhun
Alt 8(4) den Acht um FC, cuireadh
toirmeasc ar an méid seo a leanas a
fhoilsiú: uimhir shonrach an tí agus ainm
sráide na réadmhaoine a bhí i gceist;
ainm na leanaí mionaoiseacha a bhí i
gceist agus aon fhaisnéise lena
gcabhrófaí le iad a shainaithint; agus
ainm mháthair na leanaí.*

Bhain an t-ábhar le teach atá lonnaithe i
nDroimeanach, Baile Átha Cliath 12, ar
leis an Uas. Christopher Russell é. Níorbh
eol cá raibh sé ag an am sin. Bhí an teach
in úsáid mar áras teaghlaigh ag a chéile
agus ag beirt leanaí mionaoiseacha dá
chuid. D'argóin an Biúró go raibh an tUas.
Russell páirteach i gcoiriúlacht
thromchúiseach agus gur ceannaíodh an
teach le fáltais ón gcoiriúlacht sin.

Ní dhearnadh aon líomhain ar leith maidir
le hiompar coiriúil in aghaidh a chéile.
Níor ghlac sí leis go raibh a fear céile
páirteach i gcoiriúlacht agus, más rud é
go raibh sé páirteach inti, dúirt sí nach
raibh sí ar an eolas fúithi. Maíodh go
raibh an tUas. Russell páirteach i
bhfiontar gnó agus gur cheannaigh sé an
réadmhaoin ó na fáltais ó bhrabús an
ghnó sin.

Ba é tríú páirtí a cheannaigh an
réadmhaoin ar dtús agus tugadh mar
bhronntanas í ina dhiaidh sin do chéile an
Uas. Russell. Íocadh cáin bhronntanais ar
an idirbheart sin.

Thug an chúirt an méid seo a leanas faoi
deara:

*“Maidir le ceist na coiriúlachta
anseo, is amhlaidh nach bhfuil
ach ciontú amháin roimhe seo ag
an bhfreagróir dara-ainmnithe
[Christopher Russell], rud dar
dháta mhí Eanáir 1992.
Mionchiontú a bhí sa cheann a
bhí i gceist. Ciontaíodh é i gcion
faoi Alt 21(4) den Acht um Mí-
Úsáid Drugaí, 1977, maidir le bac
nó treampán a chur ar gharda
agus é ag feidhmiú cumhachta
faoi Acht agus maidir le hábhair
ghaolmhara oird phoiblí.
Gearradh fineáil air ina leith sin.
In ainneoin nach raibh aon
chiontuithe coiriúla suntasacha
ar taifead, cuireadh fianaise
áititheach os comhair na
gcúirteanna ar dhlúthnaisc
fhairsinge a bheith ann idir an
freagróir dara-ainmnithe agus
daoine atá páirteach i leibhéil
uachtaracha choireachta
tromchúisí. Cuireadh fianaise i
láthair freisin lena nascadh é le
cás inar gabhadh 40kg de
channabas an 11 Meitheamh
2009, cé gur gá a thabhairt faoi
deara nár cúisíodh an tUas.
Russell sa chion sin riamh.*

*Táim den tuairim gur dóigh go
raibh an tUas. Russell páirteach i*

Cuid a Seacht
Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2014

gcoiriúlacht thromchúiseach thar na blianta. De bharr chineál na coiriúlachta, d'fhéadfadh sí mórghnóthachain airgeadais a shaothrú do dhaoine a bhí páirteach inti."

...

Is amhlaidh go bhfeictear dom go bhfuil stíl mhaireachtála na bhfreagróirí bunoscionn le hioncam éilithe na beirte díobh ...

Maidir leis an ngnó tarraingthe:

"... Ní ghlacaim leis gur thuill an freagróir dara-ainmnithe aon ioncam ó ghnó tarraingthe darb ainm CR Towing Services. Ní chreidim gurb ann do ghnó den chineál sin ach oiread. Mar sin, ba ghá don iarratasóir [an Biúro um Shócmhainní Coiriúla] diúltach a chruthú. Dá bhfeidhmeofaí a leithéid gnó riamh, bheadh fianaise ann air sin. Ní fhéadfadh gnó den sórt sin feidhmiú gan é a bheith luaite sna Leathanaigh Órga ná gan láithreach a bheith aige ar an Idirlíon. Dá mbeadh gnó den sórt sin ann, bheadh taifid ann ar dhéileálacha le garáistí nó le cliaint agus bheadh taifid ann a bhaineann le trucail tarraingthe an ghnó, ach níor cuireadh aon taifid den sórt sin ar fáil. Dá bhrí sin, táim den tuairim nach raibh a leithéid gnó ann riamh. Tugann an méid sin le tuiscint, mar sin, gur bréagach a bhí na tuairisceáin chánach a rinneadh agus gur ceapadh iad chun daoine a bhí ag déanamh imscrúdú ar ghnóthaí an Uas. Russell a chur ar míthreoir agus chun a chur ina luí orthu go raibh baint aige i ngnó a mhíneodh na cistí ar fad, nó cuid díobh, a bhí ar fáil dó.

Tháinig an chúirt ar an gconclúid gurb iad an tUas. Russell agus a chéile a cheannaigh an réadmhaoin agus nach raibh aon fhíorleas tairbhiúil ag an tríú páirtí sa réadmhaoin riamh.

Rinne an chúirt an cur chuige seacht gcéim a bhí leagtha amach sa bhreithiúnas ón mBreitheamh Onórach McCracken sa chás FJMCK v. GWD [2004] IR 470 a chur i bhfeidhm agus bhreithnigh sí an baol éigeartais a bhí ann i ndáil leis an áras teaghlaigh.

"Dá bhrí sin, is gá breithniú a dhéanamh ar cé acu a thiocfadh nó nach dtiocfadh baol tromchúiseach éigeartais chun cinn dá ndéanfaí an t-ordú atá á lorg. Maidir leis sin, is gá roinnt tosca a chur san áireamh. Ar an gcéad dul síos, is gá a chuimhneamh gur ordú calctha atá in ordú Alt 3 faoi Acht 1996 agus go mbeidh deis eile ann aghaidh a thabhairt ar an gceist sin ag céim na diúscartha, is é sin, céim Alt 4 faoin Acht céanna. Ag an gcéim seo, áfach, glacaim leis go bhfuil seans ann go ndearna an céile ranníocaíocht áirithe ón tuilleamh an-teoranta a bhí aici ... agus trí na híocaíochtaí leasa linbh a fuair sí. Táim sásta glacadh leis freisin gur chuir an céile, mar bhean tí, go hindíreach

le coinneáil an tí freisin. Ní féidir liom neamhaird a thabhairt ach oiread ar an bhfíric gur réadmhaoin bheag atá sa cheann atá i gceist, rud atá suite in áit ar a dtugtaí limistéar údaráis áitiúil tráth. Tugaim an bharúil sin toisc gur cosúil dom go mbeadh an scéal difriúil go hiomlán anseo dá mbeadh teach mór costasach i gceist.

...

Mar sin, chinn mé go mbeadh sé chun leas an cheartais dá mbainfeadh sí tairbhe 12.5% den chothromas a bheidh sa réadmhaoin i nDroimeanach tráth na diúscartha."

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Michael Murphy (Beag) agus Michael Murphy (Mór)

7 Samhain 2014, [2014] IEHC 583

**(An Ard-Chúirt, an Breitheamh
Onórach Birmingham)**

Fáltais ó choireacht - Alt 29 den Acht um Chionta in aghaidh an Stáit, 1939 - Mótarfheithicil Audi A4, STG£6,625 agus €9,000 in airgead tirim, aimsíodh Bannaí Infheistíochta Bheatha na hÉireann arbh fhiú €10,000 agus €20,000 iad faoi seach le linn cuardaigh - Damache v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí - Riail Eisiatach - Sui Generis - Gan feidhm a bheith aici maidir leis an Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005

Bhí 5 shócmhainn i gceist leis an gcás seo, ba iad sin:

1. Feithicil Audi A4
2. Suim STG£6,625
3. Suim €9,000
4. Banna Bheatha na hÉireann arbh fhiú €20,000 é
5. Banna eile Bheatha na hÉireann arbh fhiú €10,000 é

Fuarthas Michael Murphy Beag a bheith i seilbh roinnt arm tine agus mótarfheithicil Audi á tiomáint aige an 28 Bealtaine 2009. Ag eascairt as an eachtra sin, fuair sé téarma príosúnachta sé bliana agus chuir sé isteach é. Ba é argóint an Bhiúró go raibh baint ghníomhach aige le mórdhronng choiriúil i Luimneach, rud a bhí páirteach i ngníomhaíocht choiriúil an-

Cuid a Seacht Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2014

tromchúiseach, gáinneáil ar dhrugaí ina measc. Le linn agallamh, chuir Michael Murphy Beag in iúl go raibh na hairm thine á n-iompar go Corcaigh, áit a n-úsáidí iad chun brú a chur ar mhangairí drugaí. Rinneadh cuardach leantach ar theach chailín Michael Murphy ina dhiaidh sin.

Eisíodh an barántas de bhun Alt 29 den Acht um Chionta in aghaidh an Stáit, 1939, arna leasú.

Le linn an chuardaigh sin, aimsíodh i seomra leapa mála droma ar le Michael Murphy é. Bhí STG£6,625 agus €9,000 in airgead tirim le fáil sa mhála. Le linn agallaimh, dúirt Michael Murphy gur lena athair an t-airgead i Steirling agus gurbh airgead cúitimh a fuair sé deich mbliana roimhe a bhí san airgead in Euro.

Sa bhliain 2007, chláraigh Michael Murphy gnó athchúrsála dramhaíola leis na Coimisinéirí Ioncaim, rud a rinne glanchaillteanas agus ar chosúil nach raibh sé brabúsach riamh.

Ní raibh aon phost ar taifead ag Michael Murphy Mór le fiche bliain anuas, agus ba iad íocaíochtaí éagsúla leasa shóisialaigh, pinsean na ndall agus íocaíochtaí míchumais san áireamh, an t-aon ioncam amháin a bhí á fháil aige ón mbliain 1983 i leith.

Maidir leis an mbanna €20,000, bhíothas ar an eolas go bhfuair Michael Murphy íocaíocht €7,550 ó éileamh cúitimh. De réir an Bhiúró, ní fhéadfaí míniú dlisteanach a thabhairt ar an €12,450 eile

agus, dá bhrí sin, b'ionann é agus na fáltais ó choireacht. Cheannaigh Michael Murphy Beag agus Michael Murphy Mór an banna €10,000 go cothrom le chéile.

Fuair an chúirt amach gur thug na freagróirí, go háirithe Michael Murphy Mór, roinnt mínithe difriúla a bhí ag teacht salach ar a chéile.

Rinne an chúirt breithniú ar an bhféidearthacht gur tháinig an t-airgead chun na bannaí a cheannach ó thuilleamh nár taifeadadh agus nár íocadh cáin air, agus í ag féachaint ar bhealaí eile nár bhain le coireacht chun an t-airgead a fháil. Tháinig an chúirt ar an gconclúid nach raibh aon fhianaise ann ar stair oibre shuntasach agus gur ghá go raibh gníomhaíocht den sórt sin, dá mbeadh sí ann riamh, an-teoranta agus gur saothraíodh brabús an-bheag aisti.

Chuir Michael Murphy roinnt seoltaí baile éagsúla fáil. Mhínigh sé gurbh ionann agus a theach féin an réadmhaoin a cuardaíodh faoi bharántas Alt 29 agus gur thug sé na seoltaí baile eile toisc nach raibh sé ag iarraidh liúntas tuismitheora aonair a chailín a chur i mbaol. Tháinig an chúirt ar an gconclúid gur leis féin an réadmhaoin sin. Rinne an chúirt breithniú ina dhiaidh sin ar thionchar na breithe sa chás An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Damache i dtaca leis an mbarántas faoi Alt 29 sa chás seo.

Chuir an chúirt an réasúnaíocht a úsáideadh sa bhreith sin i bhfeidhm sa chás An Biúró um Shócmhainní Coiriúla v. Darren Byrne.

Ba é seo a leanas tuairim na cúirte:

d'fheidhmeoinn an rogha glacadh leis an bhfianaise."

"Thagair mé don fhíric gur iarratais uathúla (sui generis) iad iarratais maidir le Fáltais ó Choireacht. Mar sin, feictear dom gur gá dúinn a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feidhm agus éifeacht iomlán ag an riail eisiatach anseo agus cé acu atá nó nach bhfuil an riail sin saor ó údarás. Ní bhfuarthas treoir shoiléir ina leith sin sa chás Údarás Iomaíochta na hÉireann v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann ná sa chás Kennedy v. Dlí-Chumann na hÉireann. Mar sin, is gá dúinn a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart an riail eisiatach a leathnú chun cásanna den sórt sin a chuimsiú.

Táim den tuairim nár cheart an riail a leathnú toisc go raibh nós imeachta dá bhforáiltear le reacht á leanúint ag na gardaí a rinne an cuardach. Ní raibh neamhaird thoiliúil ar chearta bunreachtúla, meargántacht, tógáil aicearra ná neamh-aire i gceist leis an gcuardach sin. Mar sin, ní bhaineann na tosca a chuaigh i bhfeidhm ar an bPríomh-Bhreitheamh Finlay le hábhar anseo. Ní cosúil dom gur ceart gníomhaíocht ar thaobh gardaí a bhí ag leanúint nós imeachta reachtúil a cháineadh mar bhealach chun cearta bunreachtúla a chosaint. Faoi mar a dúirt mé, mar sin, dá bhféadfaí rogha a fheidhmiú sa chás seo maidir le glacadh le fianaise nó gan glacadh léi,

Mar gheall ar an mbaol éigeartais, ghlac an chúirt leis an bhféidearthacht gur tugadh faoi bheagáinín trádála agus, mar aon leis an airgead cúitimh €7,550, chuir an chúirt suim eile €5,000 agus suim €1,800 i dtaca le seic ceantálaí i leith diúscairt dramhaíola as an áireamh.

Príomhchásanna a Luadh

- Damache v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2012] 2 IR 266
- An Pobal (an tArd-Aighne) v. O'Brien [1965] IR 142
- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Kenny [1990] 2 IR 110
- Kennedy v. Dlí-Chumann na hÉireann (Uimh. 3) [2002] 2 IR
- An tÚdarás Iomaíochta v. Cumann Fiaclóireachta na hÉireann [2005] 3 IR 210
- Universal City Studios Incorporated v. Mulligan [1999] 3 IR 407
- FMcK v. GWD [2004] 2 IR 470

Cuid a Seacht
Breithiúnais shuntasacha chúirte le linn 2014

[Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó]

Cuid a hOcht

Forbairtí Idirnáisiúnta

An Ghné Idirnáisiúnta

Agus é ina ghníomhaireacht tosaigh sa chomhrac in aghaidh coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró an fheidhm sin a chomhlíonadh, agus an rath atá bainte amach aige go dtí seo, bunaithe, a bheag nó a mhór, ar an gcur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach lena nglacann sé. Tacaíonn sraith uathúil prionsabal dlí ina leith sin freisin. Leanann an Biúró ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt ar leibhéal idirnáisiúnta ó thaobh fhorfheidhmiú an dlí de.

An Oifig Aisghabhála Sócmhainní (OAS)

Sa bhliain 2011, ghlac Coimisiún an AE le tuarascáil ar fheidhmiú na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní (OASanna) arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun dul i ngleic le coireacht eagraithe. Trí shócmhainní a fuarthas go neamhdhleathach a aithint laistigh dá gcuid dlínse féin, agus trí mhalartú na faisnéise cuí a éascú ar leibhéal na hEorpa, cabhraíonn na hoifigí sin le brabús coiriúil a bhaint de choirpigh. Is é an Biúró an Oifig Aisghabhála Sócmhainní ainmnithe d'Éirinn.

Oibríonn grúpaí coiriúla ar bhonn trasnáisiúnta agus faigheann siad sócmhainní i ndlínsí nach a gcuid dlínse féin iad. Is é cuspóir na nOifigí Aisghabhála Sócmhainní ná cúnamh a thabhairt do na Ballstáit sócmhainní coiriúla a rianú agus a aithint i mBallstáit eile. Uirlisí tábhachtacha san obair sin is ea na hOifigí Aisghabhála Sócmhainní sna Ballstáit.

Oibríonn an Biúró go gníomhach leis na hOifigí Aisghabhála Sócmhainní sna Ballstáit eile chun imscrúduithe a bhrú chun cinn. Freastalaíonn an Biúró ar iarrataí ar chúnamh ó na Ballstáit eile freisin.

Le linn na bliana 2014, fuair an Biúró trí iarraidh is tríocha ar chúnamh agus rinne sé deich n-iarraidh.

Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh oibríochtaí de, leanann an Biúró le bheith páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta. Bíonn rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí sin ag brath ar imthosca an cháis lena mbaineann. Mar shampla, cuireann an Biúró faisnéis leanúnach ar fáil chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile uaireanta. I bhformhór na gcásanna sin, baineann rannpháirtíocht an Bhiúró le ról gníomhach a ghlacadh i dtargaidí coiriúla aonair, agus i sócmhainní na dtargaidí sin a rianú, i gcomhar le gníomhaireachtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.

Europol

Leanann an Biúró ar aghaidh leis an ról atá aige mar phríomhghníomhaireacht forfheidhmithe dlí in Éirinn, agus é páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta leanúnacha a bhíonn á mbainistiú ag Europol. Bíonn na hoibríochtaí sin ag díriú ar ghníomhaíochtaí na ndrong coireachta eagraithe oibríonn trasna teorainneacha agus a fhéachann le leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann le saorghluaiseacht trasna teorainneacha idirnáisiúnta a úsáid ar mhaithe lena gcuid gníomhaíocht choiriúil nó ar

Cuid a hOcht Forbairtí Idirnáisiúnta

mhaithe le gníomhaíocht den sórt sin a éascú.

Interpol

Tá Interpol ina ghníomhaireacht atá comhdhéanta de bhallaíocht na n-eagraíochtaí póilíneachta i gcéad is nócha tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta ná cabhrú le himscrúduithe intíre a théann thar teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró leas as an ngníomhaíocht sin i roinnt imscrúduithe a rinneadh sa bhliain 2014.

CARIN

Sa bhliain 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Chúirt Camden. I measc na rannpháirtithe sa chomhdháil, bhí cleachtóirí fhorfheidhmiú an dlí agus cleachtóirí breithiúnacha.

Ba é cuspóir na comhdhála ná moltaí a chur i láthair a bhain le fáltais ó choireacht a aithint, a rianú agus a urghabháil. Ba é ceann de na moltaí a tháinig as na ceardlanna ná breithniú a dhéanamh ar líonra neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus ar ghrúpa comhoibríoch sa réimse a bhaineann le sócmhainní coiriúla a aithint agus a aisghabháil a chur ar bun. Cuireadh Gréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) ar bun dá bharr.

Lógó CARIN



Is é an aidhm atá le CARIN ná feabhas a chur ar a éifeachtaí a bhíonn iarrachtaí chun brabús aindleathach a bhaint de choirpigh.

Rinneadh Líonra CARIN um Ghníomhaireachtaí Aisghabhála Sócmhainní a sheoladh go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bunaithe CARIN sa Háig i mí Mheán Fómhair 2004.

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha atá comhdhéanta de naonúr ball agus a bhfuil Uachtaránacht rothlach aige.

I mí Aibreáin 2014, d'iarr Aireacht Ceartais na Slóivéine ar Declan O'Reilly, Oifigeach Dlí an Bhiúró (BLO), freastal ar sheimineár an Ionaid Oiliúna Breithiúnaí (JTC) ar aisghabháil sócmhainní sibhialta agus coiriúla agus labhairt ag an seimineár sin. Ós rud é go bhfuil sé ina chomhlacht laistigh den Aireacht Ceartais a gcuirtear de chúram air oiliúint a chur ar phearsanra, soláthraíonn an JTC cúrsaí oiliúna gairmiúla d'ionchúisitheoirí stáit, d'aturnaetha stáit, do chúntóirí teicniúla, do chúntóirí breithiúnacha agus d'aon phearsanra eile de chomhlachtaí breithiúnacha. Thug an BLO breacchuntas ar na deacrachtaí agus na réitigh maidir leis na fáltais ó iompar coiriúil a reo agus a ghabháil. De bharr na hoiliúna sin, d'éirigh leis na húdaráis sa tSlóivéin na chéad imeachtaí dá gcás coiriúil in aghaidh Andre Lapornika a thionscnamh. Thug Cúirt Dúiche Liúibleána breithiúnas ina aghaidh arbh ionann a luach agus €247,186.85. Tacaíonn obair CARIN go mór leis an gcomhar inmheánach sin.

Sa bhliain 2014, d'fhreastail an Biúro ar roinnt cruinnithe den Ghrúpa Stiúrtha mar bhall den ghrúpa sin. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an Biúro ar an gcruinniú ceann bliana a ndearnadh óstáil air sa Spáinn an 15 Deireadh Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair 2014.

ALEFA (Cumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Forfheidhmithe Dlí)

"Bunú Líonra Chumann na gCuntasóirí Fóiréinseacha Forfheidhmithe Dlí (ALEFA) san Aontas Eorpach méadaithe"

Is é is Líonra ALEFA ann ná tionscadal cistithe Eorpach a bunaíodh chun cáilíocht agus clúdach na cuntasáiochta fóiréinsí ar fud gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a fhorbairt ionas go dtugtar cabhair níos fearr do na cúirteanna, do na híospartaigh, do na finnétithe, do na hamhrastaigh, do na cosantóirí agus dá n-ionadaithe dlíthiúla i dtaca le calaois líomhnaithe, leis an gcoireacht fhioscach, leis an gcoireacht airgeadais agus leis an tromchoireacht eagraithe.

Lógó ALEFA



Cuireadh Cruinniú Iomlánach agus Comhdháil Líonra ALEFA ar siúl i gCeanncheathrú Europol sa Háig ón 22 Deireadh Fómhair go dtí an 24 Deireadh

Fómhair 2014. Thug na daoine seo a leanas spreagaithe don chomhdháil:-

- An tUas. Igor Angellini, Ceann Faisnéis Airgeadais, Europol
- An tArdcheannfort Bleachtaireachta Eugene Corcoran, Príomhoifigeach an Bhiúró, an Biúro um Shócmhainní Coiriúla
- Digna van Boetzelaer, an LeasPhríomh-lonchúisitheoir, Oifig lonchúisitheora Phoiblí na hÍsiltíre

Tugadh cuireadh do na hocht mBallstát is fiche den AE freastal ar an gcéad Chomhdháil de chuid Líonra AFELA. Tugadh an cuireadh sin freisin d'ionadaithe ón FBI i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ó Phóilíní Feidearálacha na hAstráile, ó Mharc-Phóilíní Ríoga Cheanada, ó thíortha eile san Eoraip agus ó eagraíochtaí lena n-áirítear Europol, Eurojust agus OLAF. D'fhreastail sé rannpháirtí is nócha san iomlán ar an gcéad Chomhdháil de chuid Líonra ALEFA ag Ceanncheathrú Europol. Bunaíodh Líonra ALEFA go foirmiúil leis an gcomhdháil.

Is é ALEFA an chéad eagraíocht dá cineál a thugann le chéile speisialtóirí is cuntasóirí cáilithe atá fostaithe go díreach i bhforfheidhmiú dlí. Tá tionscadal Líonra ALEFA á threorú ag cuntasóirí fóiréinseacha atá ceangailte leis an mBiúro. Le cúig bliana anuas, d'fhorbair siad caidreamh le cuntasóirí fóiréinseacha sa Ríocht Aontaithe (RA) agus san Eoraip. Cuireadh fóraim ar siúl sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn chun líonra idir comhghleacaithe a bhunú agus chun modheolaíochtaí, teicnící agus taithí

Cuid a hOcht Forbairtí Idirnáisiúnta

a chomhroinnt.

Is é an Garda Síochána, tríd an mBiúró in Éirinn, an príomh-chomhpháirtí i dTionscadal Líonra ALEFA. Tá an tionscadal á chomhchistiú ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in Éirinn agus ag Clár an Aontais Eorpaigh um an gCoireacht a Chosc agus a Chomhrac.

Is iad seo na Comhpháirtithe Tionscadail eile:-

- Europol,
- Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Náisiúnta um Chalaois Thromchúiseach agus an Choireacht Chomhshaoil, an Ísiltír
- Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC), an Ríocht Aontaithe,
- An Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA) (an Ghníomhaireacht Tromchoireachta Eagraithe (SOCA) roimhe sin), an Ríocht Aontaithe,
- An Oifig Corónach agus Oifig an Atur nae Stáit, Albain,
- An Biúró Náisiúnta Imscrúdaithe, an tSualainn,
- Oifig na bPóilíní Coiriúla Feidearálacha, an Ghearmáin

Is iad seo mórchuspóirí an tionscadail:

1. Líonra ALEFA a bhunú. Faoi láthair, níl aon struchtúir ná meicníochtaí trínar féidir le

cuntasóirí fóiréinseacha atá ag oibriú i bhforfheidhmiú dlí modheolaíochtaí agus teicnící a chur in iúl go sábháilte.

2. Modheolaíochtaí coiteanna agus teicnící coiteanna a bhunú sa réimse um chuntasaíocht fhóiréinseach i bhforfheidhmiú dlí.
3. Óstáil a dhéanamh ar an gcéad Chomhdháil. Tabharfaidh an Chomhdháil moltaí ó cheardlanna comhdhála agus ó sheimineáir chomhdhála chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig an gComhairle Eorpach i riocht Tuarascáil iar-Chomhdhála d'fhonn tionchar a imirt ar bhearta nó ar bheartais amach anseo.
4. Réimsí coiteanna le haghaidh oiliúna a fhorbairt. Féachann an tionscadal le hanailís airgeadais a fheabhsú, rud as a dtiocfaidh feabhsú ar chosc agus comhrac a dhéanamh ar bhagairtí coiriúla nua-aimseartha san AE a bhaineann le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha.
5. Suíomh Gréasáin ALEFA a bhunú agus a fhorbairt. Oibríonn cuntasóirí fóiréinseacha atá fostaithe i bhforfheidhmiú dlí i raon éagsúil eagraíochtaí ar fud an AE agus laistigh dá ndlínse féin. Cuirfidh an rochtain choiteann ar shuíomh Gréasáin sábháilte ardán ar fáil trínar féidir cur in iúl éifeachtach modheolaíochtaí agus teicnící a sholáthar.
6. Líonra ALEFA ar fud na hEorpa a fhorbairt ina bhfuil craobhacha i ngach tír agus ballraíocht aonair

do chuntasóirí fóiréinseacha atá fostaithe i gcáil forfheidhmithe dlí.

ARIN-AP

Lean an Biúró dá chomhar idirnáisiúnta sa bhliain 2014. Sa bhliain 2013, ghlac an Biúró le cuireadh a thug údaráis na Cóiré Theas dó freastal ar an dara cruinniú ullmhúcháin le haghaidh Líonra Idirghníomhaireachta Aisghabháil Sócmhainní - Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise (ARIN-AP) a bhunú. Rinne an tUas. Declan O'Reilly, Oifigeach Dlí an Bhiúró, ionadaíocht don Bhiúró ag an ócáid. Seoladh an líonra i mí na Samhna 2013 de bharr an chruinnithe. Bunaíodh ARIN-AP ar aithint an mhúnla ar bhunaigh CARIN é. Is é aidhm ARIN-AP ná méadú a dhéanamh ar bhonn ilghníomhaireachta ar a éifeachtaí a bhíonn iarrachtaí a chuid ball ar a mbrabús neamhcheadaithe a bhaint de choirpigh.

Lógó ARIN-AP

Tá
an



Biúró ag baint úsáid as an gcur chuige ilghníomhaireachta sin ó bunaíodh é, rud a bhí tábhachtach do ARIN-AP. Cuireadh an chéad chruinniú ceann bliana de chuid ARIN-AP ar siúl san Indinéis i mí Lúnasa 2014. Bhí spéis mhór ar an ócáid sna

dúshlán agus sna rathanna a bhaineann le líonra den chineál sin a chothabháil ó thaobh na hÉireann de agus díriodh orthu go háirithe i gceann amháin de na trí cheardlann ar reáchtáil an cruinniú ceann bliana iad. Gné d'obair an Bhiúró le blianta beaga anuas atá i gcomhar idirnáisiúnta den chineál sin agus cabhraíonn sé lena chuid feidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach agus é ag dul i ngleic leis an gcoireacht thrasnáisiúnta.

An Caidreamh leis an Ríocht Aontaithe

Tá caidreamh uathúil ag an mBiúró leis na húdaráis sa Ríocht Aontaithe, toisc gurb í an t-aon tír amháin lena gcomhroinnimid teorainn talún agus mar gheall go bhfuil an caidreamh idir an dá dhlínse á fhorbairt le blianta fada.

An Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann

Tugann an Chomhdháil um Choireacht Eagraithe Trasteorann deis do gach gníomhaireacht forfheidhmithe dlí ar an dá thaobh den teorainn teacht le chéile agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa bhliain roimhe agus pleanáil a dhéanamh don bhliain atá le teacht. Tugann sí deis freisin eolas agus tairbhí a mhalartú agus an dea-chleachtas in aon réimse comhoibrithe ar leith a aithint.

An Grúpa um Breosla Trasteorann agus an Grúpa um Mál Trasteorann

Leanann an Biúró ar aghaidh le páirt a ghlacadh sa Ghrúpa um Breosla Trasteorann agus sa Ghrúpa um Mál Trasteorann.

Cuid a hOcht
Forbairtí Idirnáisiúnta

Cuairteanna ar an mBiúró

Leanann rath an Bhiúró le haird idirnáisiúnta a tharraingt. Le linn na bliana 2014, d'éascaigh an Biúró cuairteanna ó thoscaireachtaí eachracha maidir le raon disciplíní éagsúla a bhain le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Tugann rannpháirtíocht leantach an Bhiúró in imscrúduithe ag a bhfuil gné idirnáisiúnta deis le cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí don bhagairt leanúnach a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil eagraithe thrasnáisiúnta agus le heolas a dhéanamh don fhreagairt sin. Anuas air sin, tugann an rannpháirtíocht sin deis don Bhiúró an taithí atá aige a chomhroinnt le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta is comhpháirtithe dó.

An 1ú Chruinniú Ceann Bliana de chuid ARIN-AP



Cruinniú ALEFA ag Europol sa Háig



Cuid a Naoi

Conclúidí

Ar fud na bliana 2014, d'fheidhmigh an Biúro um Shócmhainní Coiriúla a shainchúram reachtúil neamhspleách d'fhonn na fáltais ó iompar coiriúil a shaothrú i gcásanna cuí. D'fhonn an sainchúram reachtúil neamhspleách sin a chomhlíonadh, bhain an Biúro leas as forálacha an Achta um Fháltais ó Choireacht, 1996 agus 2005, agus as an reachtaíocht um loncam agus Cosaint Shóisialta, de bhreis ar chumhachtaí faoin gcód coiriúil a fheidhmiú. Foráiltear le forálacha an Achta fán mBiúro um Shócmhainní Coiriúla, 1996, arna leasú, d'fheidhmiú fheidhmeanna an Bhiúro ach cur chuige ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach a úsáid.

Lean an Biúro de bheith ag díriú ar shócmhainní a tháinig ó chineálacha éagsúla iompair amhrasta choiriúil, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, calaois, gadaíocht, sciúradh agus smuigleáil breosla agus trádáil neamhdhleathach tobac. De bharr imscrúduithe a rinne an Biúro agus de thoradh na n-imeachtaí agus na ngníomhartha a tháinig as na himscrúduithe sin, cuireadh níos mó ná €467k ar aghaidh chuig an Státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht. Bailíodh níos mó ná €3.017 milliún i bhfoirm loncaim agus aisghabhadh ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh arbh fhiú níos mó ná €335,911 iad freisin.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, choinnigh an Biúro naisc láidre ar bun le húdaráis forfheidhmithe dlí agus le húdaráis bhreithiúnacha ar fud na hEorpa agus an domhain, agus lean sé le dul i dteagmháil leo, maidir le díriú ar shócmhainní a tháinig ó iompar amhrasta choiriúil. Tugadh faoi imscrúduithe

comhpháirteacha i roinnt cásanna agus táthar ag obair orthu san am i láthair.

Lean an Biúro le forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ag a bhfuil naisc thrasdlinse, go háirithe Interpol, Europol agus Líonra CARIN. Ós rud é go bhfuil sé ar an Oifig Aisghabhála Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn, leanann an Biúro ar aghaidh ag déanamh tuilleadh forbartha ar naisc fheabhsaithe forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile den AE.

Níl teagmháil idirnáisiúnta teoranta do ghníomhaireachtaí sa réimse um fhorfheidhmiú dlí. Maidir leis sin, lean an Biúro ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh straitéisí a fhorbairt trína ndírítear ar shócmhainní, i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais a thairgeann táirgí airgeadais ar bhonn idirnáisiúnta ionas nach mbeidh coirpigh amhrasta in ann teachta ar na tairbhí a ghabhann le sócmhainní nó le gnóthachain a thagann ó iompar coiriúil.

Mar a luadh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, níor líonadh sa bhliain 2014 an folúntas d'aturnae amháin a bhí neamhlíonta ón mbliain 2009 i leith. Mar sin féin, thosaigh an próiseas earcaíochta go mall sa bhliain 2014 agus táthar ag súil go líonfar an folúntas sin go luath sa bhliain 2015. De bhreis air sin, fágadh roinnt folúntas neamhlíonta ar feadh tréimhsí ama ar fud na bliana, rud a thug dúshlán bhreise don Bhiúro. Den chuid ba mhó, tháinig moilleanna ar fholúntais a líonadh as cúrsaí lasmuigh de smacht an Bhiúro agus bhain siad le próisis roghnúcháin laistigh de na gníomhaireachtaí as a bhfostaítear foireann an Bhiúro.

Cuid a Naoi Conclúidí

Agus é ag féachaint lena chuid cuspóirí a bhaint amach, leanann an Biúró ar aghaidh le dul i ndlúth-theagmháil leis an nGarda Síochána, leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus eis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar mhaithe le straitéis chomhtháite a fhorbairt trína ndíreofar ar na sócmhainní agus ar an mbrabús a thagann ó iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis sin sa chomhrac foriomlán in aghaidh coireacht eagraithe.

Ar iarratas Choimisinéir an Gharda Síochána, chuir an Biúró acmhainní ar fáil chun an toradh ar dhá Bhinse Fiosrúcháin a scrúdú, ba iad sin, an Binse Fiosrúcháin maidir le hÍocaíochtaí le Polaiteoirí agus Ábhair Ghaolmhara agus an Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí. Iarradh ar an mBiúró a imscrúdú cé acu a nochtar nó nach nochtar iompar coiriúil thar ceann daoine aonair a dtagraítear dóibh sna tuarascálacha nó cé acu a thagann nó nach dtagann torthaí na mBinsí laistigh de shainchúram reachtúil an Bhiúró. Tá obair an Bhiúró ina leith ag leanúint ar aghaidh faoi láthair.

Ábhar amháin is fiú a lua maidir leis na

torthaí a baineadh amach le linn na bliana 2014 is ea mír uathúil luachmhar saothar ealaíne a aisghabháil agus í a chur ar ais ar

thaispeáint phoiblí i nGailearaí Hugh Lane i mBaile Átha Cliath. Le linn imscrúdaithe a rinne an Biúró sa bhliain 2013, tháinig faisnéis shonrach ar aire na n-imscrúdaitheoirí. Bhí an fhaisnéis sin ina cúis le haisghabháil an phictiúir luachmhair dar teideal “In The Omnibus” le Honore Daumier, ar ealaíontóir Francach é.

Goideadh an líníocht, a bhí in uiscédhath agus i nguais, as Gailearaí Hugh Lane i mí an Mheithimh 1992.

I mí na Bealtaine 2014, bhí ríméad ar an mBiúró an pictiúr a thabhairt ar ais don Dr Barbara Dawson, an Stiúrthóir ar Gailearaí Hugh Lane.

Le linn na bliana 2014, cuireadh níos mó ná €3.8 milliún ar aghaidh chuig an bPríomh-Chiste de thoradh ghníomhartha an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.



"In the Omnibus" by Honore Daumier

Aguisín

cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

4. -Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad seo na cuspóirí a bheidh ag an mBiúró

(a) sócmhainní a aithint, cibé áit a bhfuil siad, a bhaineann le daoine, a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil,

(b) beart iomchuí a ghlacadh faoin dlí leis na sócmhainní sin, ina n-íomláine, nó i bpáirt, mar a d'fhéadfadh a bheith iomchuí, a choimeád ó na daoine sin nó a dhiúltú orthu, agus

(c) tabhairt faoi aon imscrúdú nó aon réamhobair eile i dtaca le himeachtaí ar bith a éiríonn ó na cuspóirí a luaitear in ailt (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus 2005

5.—(1) Gan dochar d'fhairsinge Alt 4, is iad na feidhmeanna a bheidh ag an mBiúró, ag oibriú trína n-oifigigh, ná gach beart riachtanach a dhéanamh—

(a) de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha, coigistiú, srianadh, úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a aithnítear mar shócmhainní a thagann nó a mheastar go dtagann, go díreach nó go hindíreach, ó

ghníomhaíocht choiriúil,

(b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó aon fhoráil d'aon achtú eile, cibé acu ar achtaíodh é roimh nó tar éis achtú an Achta seo, a bhaineann le hioncam, le cinntiú go dtagann fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhrasta faoi réir cánach agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is iomchuí, i bhfeidhm go hiomlán ar fháltais nó ar ghníomhaíochtaí mar iad, de réir mar a bheidh,

(c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh le haghaidh imscrúdú agus cinneadh, de réir mar is iomchuí, aon éilimh ar nó i dtaca le sochar (laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) ag duine ar bith atá bainteach le gníomhaíocht choiriúil, agus

(d) ar iarraidh an Aire Leasa Shóisialaigh, imscrúdú nó cinneadh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar aon éileamh ar nó i dtaca le sochar, laistigh de bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nuair a dheimhníonn an tAire Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnta ann a chreidiúint i gcás imscrúdú ar leith, go bhféadfadh oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó foirmeacha eile imeaglaithe,

agus áirítear ar bhearta den sórt sin, de réir mar is iomchuí, faoi réir aon chomhaontú idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíní, nó aon údarás, ar údarás aisghabhála fáltais ó choireacht,

Aguisín 1
cuspoirí agus feidhmeanna an Bhiúró

cánach nó slándáil shóisialta é, in aon chríocha nó stát seachas an Stát.

(2) I dtaca le gnéithe a dtagraítear dóibh i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar rud ar bith san Acht seo mar ghné a théann i gcion nó a shrianann ar bhealach ar bith —

(a) cumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó

(b) feidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

